

## Cuntas Leithreasa 2024

---

### Vóta 32

### Fiontar, Trádáil agus Fostaíocht

---

## Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 32, ceanglaítear orm gach bliain an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, d'ullmhaigh mé an cuntas faoi iamh den mhéid a caitheadh sa bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024 le haghaidh tuarastail agus caiteachais Oifig an Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, lena n-áirítear seirbhísí áirithe arna riar ag an Oifig sin, chun fóirdheontais agus deontais áirithe a íoc agus chun deontais áirithe a íoc faoi scéimeanna airgeadais teoranta.

Cuirtear an caiteachas deireadh bliana i gcomparáid leis na suimeanna

- arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa 2024, lena n-áirítear an méid a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasuithe-i-gcabhair ar chaiteachas don bhliain, agus
- arna soláthar do sheirbhísí soláthair caipitil in 2024 as leithreasuithe neamhchaite in 2023, faoi na socruithe géillte iarchurtha a bunaíodh faoi Alt 91 den Acht Airgeadais 2004.

Dlítear barrachas €63.075 milliún a ghéilleadh don Státchiste.

Tá an Ráiteas maidir le Beartais agus Prionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 6 mar chuid den chuntas.

## Ráiteas faoi Pholasaithe agus Prionsabail Chuntasaíochta

Tá na beartais agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta chun cuntais leithreasa a tháirgeadh, mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóirithe na Seirbhíse Poiblí agus Digitithe i gcioclán 20 de 2024, curtha i bhfeidhm agus an cuntas á ullmhú. Áirítear leis seo cur i bhfeidhm roinnt Caighdeán Cuntasaíochta Rialtais Láir (CCRL) a tugadh i bhfeidhm ón 1 Eanáir 2024.

### *Dímheas sócmhainní caipitil*

Déantar dímheas réadmhaoine, fearais agus trealaimh agus amúchadh sócmhainní doláimhsithe a ríomh agus a mhuirearú de réir CCRL 17 agus CCRL 31 faoi seach.

Seo a leanas na saolréanna úsáideacha agus na rátaí dímheasa nó amúchta gaolmhara de phríomhaicmí sócmhainní caipitil.

<i>Aicme sócmhainní</i>	<i>Saolré fhóinteach</i>	<i>Ráta dímheasa/amúchta</i>
Trealamh oifige agus TF	5 bhliana	20%
Troscán agus feistis	10 mbliana	10%
Bogearraí faighte agus forbartha	10 mbliana	10%

## Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais

### *Freagracht as an gcóras rialú inmheánach airgeadais*

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, admhaím an fhreagracht atá orm as a chinntiú go ndéanann an Roinn córas éifeachtach um rialú inmheánach airgeadais a chothabháil agus a fheidhmiú. Feidhmítear an fhreagracht seo i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus na gceanglas eile atá orm mar Ard-Rúnaí. Chomh maith leis sin, ní féidir le haon chóras rialaithe airgeadais ach cinnteacht réasúnta, seachas cinnteacht iomlán, a

thabhairt go ndéantar sócmhainní a chosaint, idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh i gceart, is go ndéantar earráidí nó aimhrialtachtaí ábhartha a chosc nó a bhrath in am cuí. Próiseas leanúnach is ea córas rialuithe airgeadais a choinneáil, agus déantar athbhreithniú leanúnach ar an gcóras agus ar a éifeachtacht.

### ***Seirbhísí comhroinnte***

Chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí maidir le riachtanais an chomhaontaithe bainistíochta seirbhíse idir an Roinn seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte chun seirbhísí comhroinnte acmhainní daonna agus párolla a sholáthar.

Bím ag brath ar litir dhearbhaithe ó Oifigeach Cuntasaíochta na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte go bhfeidhmítear na rialuithe cuí maidir le seirbhísí comhroinnte a sholáthar don Roinn seo.

### ***Timpeallacht um rialú airgeadais***

Tá timpeallacht rialaithe i bhfeidhm ina bhfuil na gnéithe seo a leanas.

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ar leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach.
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal inar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais.
- Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus chun gníomh ceartaitheach cuí a chinntiú.
- Tá Coiste Iniúchta ann chun comhairle a chur orm maidir le mo chuid freagrachtaí a chomhlíonadh i leith an chórais rialaithe airgeadais inmheánach.
- Rinneadh doiciméadú de na nósanna imeachta do phríomhphróiseas gnó.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

### ***Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta***

Tá creat nósanna imeachta riaracháin i bhfeidhm chomh maith le tuairisciú rialta bainistíochta, lena n-áirítear leithscaradh dualgas agus córas tarmलगin agus cuntasachta.

- Go bhfuil córas buiséadaithe cuí ann le buiséad bliantúil a choimeádtar faoi athbhreithniú ag an mbainistíocht shinsearach.
- Go ndéanann an bhainistíocht shinsearach athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla lena léirítear feidhmíocht airgeadais i gcoinne réamhaisnéisí.
- Go bhfuil córas bainistíochta riosca i bhfeidhm laistigh den Roinn.
- Go bhfuil córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TCF a chinntiú.
- Go bhfuil treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil agus disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadail ann.

### ***Iniúchadh Inmheánach agus Coiste Iniúchta***

Tá feidhm iniúchta inmheánaigh ag an Roinn le pearsanra atá oile mar is cuí, a fheidhmíonn i gcomhréir le cairt scríofa arna faomhadh agam. Tá a chuid oibre bunaithe ar anailís ar na rioscaí airgeadais a bhfuil an Roinn rite dóibh agus tá a phleananna iniúcháireachta inmheánaigh bliantúla, arna gcomhcheadú agam agus ag an gCoiste Iniúcháireachta, bunaithe ar an anailís seo. Tá sé mar aidhm sna pleananna seo príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn atrátha thar thréimhse réasúnta ama. Déanaim féin agus an Coiste Iniúchta athbhreithniú tréimhsiúil ar an bhfeidhm rialaithe inmheánaigh. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam chun a chinntiú go ndéantar bearta leantacha ar dhroim tuairiscí ar an bhfeidhm iniúchta inmheánaigh.

**Soláthar**

Cinntíonn an Roinn go bhfuil fócas cuí ar dhea-chleachtas soláthair agus gach conradh á bhronnadh agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun comhlíonadh na dtreoirínte ábhartha go léir a chinntiú.

Tá sonraí d'ocht gconradh neamhiomaíocha os cionn €25,000 curtha ar fáil ag an Roinn sa tuairisceán bliantúil maidir le Ciorclán 40/2002 don Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóirithe na Seirbhíse Poiblí agus Digitithe.

*Neamhchomhlíonadh leis na rialacha soláthair*

Chomhlíon an Roinn na treoirínte cé is moite de cheithre chonradh os cionn €25,000 (gan CBL san áireamh) arb ionann iad agus €207,881 san iomlán (gan CBL san áireamh) mar a leagtar amach thíos.

- Bhain soláthar amháin le luach carnach €85,672 le costas stórála comhad don Oifig um Chlárú Cuideachtaí (OCC). Bhí roinnt imní ann maidir le dáta tosaithe éifeachtach an chonartha leis an soláthraí seirbhíse a bhí ann ag an am, go príomha mar thoradh ar na srianta de bharr Covid 19. Ar chomhairle na hOifige um Sholáthar Rialtais, chuaigh an OCC i gcomhairle le hOifig an Phríomh Aturnae Stáit a chomhairligh gur cheart go dtiocfadh deireadh leis an gconradh leis an soláthraí ar an 13 Márta 2024. Ó shin i leith, tá an OCC i mbun tuilleadh idirghníomhaíochta le hOifig an Phríomh Aturnae Stáit (OPAS) chun a chinntiú go gcomhlíonann an t-iarratas ar thairiscintí (IAT) don chonradh nua ceanglais reachtacha agus riachtanais an OCC. Tá an IAT foilsithe ar shuíomh gréasáin an ríomhthairisceana agus tá súil ag an OCC go síneofar an conradh leis an soláthraí roghnaithe i Ráithe 4 2025.
- Bhain an dara soláthar le luach carnach €70,665 leis an riachtanas leanúnach maidir le comhairle chomhsheasmhach ar shlándáil faisnéise a bhaineann le roinnt tionscadal forbartha TFC. I bhfianaise chineál na comhairle a bhí ag teastáil, measadh go raibh eolas ar obair na Roinne riachtanach agus go raibh gá le leanúnachas leis an gcomhairleoir slándála neamhspleách a fostaíodh roimhe seo don obair seo. Cuireadh próiseas soláthair i bhfeidhm go cuí chun inrochtaineacht amach anseo ar chomhairle den sórt sin a chinntiú agus rinneadh conradh nua don chomhairle seo i mí Iúil 2024.
- Bhain tríú soláthar le luach carnach €26,017 le ceannach soláthairtí oifige agus stáiseanóireachta tar éis don chonradh dul in éag leis an sealbhóir conartha roimhe seo i mí an Mhárta 2024. Cé gur cuireadh conradh nua i bhfeidhm le soláthraí nua ó Bhealtaine 2024, lean an Roinn ag úsáid an tseansholáthraí le haghaidh earraí áirithe. Nuair a thuig an Roinn é seo, meabhraíodh don fhoireann nach ceart ach an soláthraí nua a úsáid le haghaidh gach riachtanas soláthairtí oifige agus stáiseanóireachta.
- Bhain ceathrú soláthar le luach carnach €25,527 le ceannach seirbhísí glantacháin do roinnt áitreabh éagsúil. Dhún an próiseas tairisceana chun na seirbhísí seo a cheannach i mí na Nollag 2023. Roghnaíodh soláthraí nua de bhun an phróisis sin. Mar sin féin, mar gheall ar roinnt cúiseanna, gan trácht ar oibleagáidí maidir le haistriú gnóthas, níor cuireadh tús leis an gconradh leis an soláthraí nua go dtí Meitheamh 2024.

**Riosca agus creat rialaithe**

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an Roinn a aithníonn agus a thuairiscíonn príomhrioscaí agus na gníomhartha bainistíochta atá á ndéanamh chun aghaidh a thabhairt orthu agus, a mhéid agus is féidir, chun na rioscaí sin a mhaolú.

Tá clár riosca i bhfeidhm a aithníonn na príomhrioscaí atá roimh an Roinn, agus rinneadh na rioscaí seo a aithint, a mheas agus a ghrádú de réir a suntais. Déanann an Bord Bainistíochta athbhreithniú agus nuashonrú ar an gclár ar bhonn ráithiúil. Úsáidtear torthaí na measúnuithe seo chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh d'fhonn a chinntiú go ndéantar rioscaí a bhainistiú ionas go bhfanfaidís ar leibhéal inghlactha.

Sonraítear ar an gclár riosca na rialuithe agus na gníomhartha is gá chun rioscaí a mhaolú agus freagracht as oibriú rialuithe atá sannta do bhaill foirne ar leith.

### ***Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach***

Tá nósanna imeachta foirmiúla curtha i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibh siúd atá freagrach as gníomh ceartaitheach a dhéanamh agus don bhainistíocht agus don Bhord Bainistíochta, más ábhartha, in am cuí. Dearbhaím gur aithníodh príomhrioscaí agus príomhrialuithe a bhaineann leo, agus go bhfuil próisis curtha i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe seo agus chun aon easnaimh a aithnítear iontu a thuairisciú.

### ***Athbhreithniú ar éifeachtacht***

Tá nósanna imeachta ag an Roinn chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Tá eolas curtha ar fáil do mhonatóireacht agus athbhreithniú na Roinne ar éifeachtacht an chórais rialaithe airgeadais, ag an obair a dhéanann iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus an bhainistíocht shinsearach laistigh den Roinn atá freagrach as an gcreat rialaithe airgeadais inmheánaigh a fhorbairt agus a chothabháil.

### ***Saincheisteanna um rialú inmheánach airgeadais***

#### *Calaois amhrasta i scéimeanna iasachta arna mbainistiú ar son na Roinne*

Thagair an Ráiteas um Rialú Airgeadais Inmheánach i gcuntas 2023 na Roinne do líon beag iasachtaí arna n-eisiúint ag iasachtóirí a bhí ina rannpháirtithe i scéimeanna iasachta a hoibríodh thar ceann na Roinne ag an CBSÉ agus a bhí clúdaithe ag ráthaíochtaí a maoiníodh i bpáirt ó Vóta na Roinne agus a raibh inní léirithe ina leith maidir le calaois fhéideartha. Go sonrach, chuir iasachtóir ar aghaidh rannpháirteach, an CBSÉ ar an eolas go bhféadfadh líon beag iasachtaí a bheith faofa ag an iasachtóir ar aghaidh ar bhonn faisnéise calaoisí airgeadais a chuir na hiasachtaithe i láthair. Dheimhnigh an t-iasachtóir ar aghaidh gur tuairiscíodh na cásanna seo do na húdaráis ábhartha agus go raibh imscrúduithe ar bun. Lean an Roinn de bheith ag fáil nuashonruithe ó CBSÉ maidir leis na haon iasacht déag atá i gceist a raibh luach iomlán €1.25m orthu. Nochtadh an tsaincheist seo freisin faoi nóta 6.4.

#### *Préimheanna Scéim Ráthaíochta Creidmheasa*

Tá roinnt scéimeanna á reáchtáil ag CBSÉ thar ceann na Roinne. Is idir an Roinn agus na comhpháirtithe iasachta atá na comhaontuithe scéime, agus gníomhaíonn CBSÉ mar riarthóir na scéimeanna thar ceann na Roinne (ó Dheireadh Fómhair 2016). Faoin Scéim Ráthaíochta Creidmheasa (SRC) 2012, 2015 agus 2017, bhailigh CBSÉ préimheanna ráthaíochta ó iasachtaithe agus íocadh iad leis an Roinn. Roimh Dheireadh Fómhair 2016, bhí an scéim á hoibriú ag oibreoir tríú páirtí difriúil.

I ráithe 4 2024, shainaithin CBSÉ neamhréireachtaí ina bailiúchán préimheanna ráthaíochta do scéimeanna SRC 2012, 2015 agus 2017 arna n-oibriú ag CBSÉ thar ceann na Roinne mar a ghníomhaire. Rinne CBSÉ athbhreithniú ar na préimheanna stairiúla a bailíodh ar phunann SRC a chlúdaigh an tréimhse 2012 go Márta 2025, agus tá tionchar ar thart ar 375 iasacht. Léiríonn na torthaí cásanna ina ndearnadh ró-bhailiú ar €75,000 agus tearc-bhailiú ar €500,000 de phréimheanna. Tá comhairle tugtha ag CBSÉ go mb'fhéidir nach mbaileofar formhór na bpréimheanna ráthaíochta nár bailíodh go leordhóthanach, ar roinnt cúiseanna a bhaineann le próisis riaracháin laistigh de CBSÉ.

Chuir CBSÉ an Roinn ar an eolas faoin toradh a fuarthas ar thorthaí a athbhreithnithe i mí Aibreáin 2025. Tá an Roinn i mbun oibre leis an CBSÉ maidir le torthaí an athbhreithnithe.

#### *Incháilitheacht Scéim Ráthaíochta Creidmheasa na hÚcráine (SRCÚ)*

Tá an SRCÚ á reáchtáil ag CBSÉ thar ceann na Roinne. D'éiligh ceann de na critéir incháilitheachta don scéim ar ghnólachtaí a dhearbhu go raibh "méadú 10% ar a laghad ar na costais a thabhaigh siad i gcomparáid lena gcostais do 2020 mar gheall ar na deacrachtaí eacnamaíocha a d'eascair as ionsaí na Rúise ar an Úcráin".

Le linn 2024, shainaithin CBSÉ 206 iasacht arbh fhiú €12.6m san iomlán iad (4.4% de luach iomlán na scéime) inar dhearbhaigh na hiasachtaithe féin gur bunaíodh a ngnó tar éis 2020, agus, dá bhrí sin, b'fhéidir nach raibh siad incháilithe don scéim, ach bhí go leor de na gnólachtaí seo tar éis forbairt ó eintitis ghnó roimhe seo. I mí na Bealtaine 2024, chuir CBSÉ an Roinn ar an eolas faoin gcinneadh. De bhun an chinnidh seo, comhaontaíodh go ndéanfadh CBSÉ an próiseas iarratais incháilitheachta a nuashonrú chun aon mhíthuiscint fhéideartha ag iarratasóirí scéime a laghdú. Críochnaíodh an nuashonrú seo i mí na Bealtaine 2024, agus dhún an scéim i mí na Nollag 2024.

#### *An Oifig um Chlárú Cuideachtaí – próiseas bainte den chlár*

Sa Ráiteas maidir le Rialú Airgeadais Inmheánach i gcuntas 2023 na Roinne, tugadh comhairle faoi na himthosca a thug ar an Oifig um Chlárú Cuideachtaí (OCC) a gníomhaíocht bainte den chlár go neamhdheonach a chur ar fionraí go sealadach agus faoin rún nósanna imeachta TFC, rialuithe agus oiliúint foirne an OCC a athbhreithniú chun an fhadhb a réiteach. Tá nósanna imeachta nua tugtha isteach ag an OCC maidir le foilsíú ábhar, amhail fógraí bainte den chlár, ina hirisí. Cuireadh oiliúint bhreise ar fáil don fhoireann freisin chun cruinneas na faisnéise a fhoilsítear sna hirisí a chinntiú. Tá obair ar siúl le soláthraí seirbhísí TFC an OCC chun na próisis forfheidhmithe uathobrithe a athbhunú, lena n-áirítear an próiseas um bhaineadh den chlár neamhdheonach. Idir an dá linn, tá an OCC tar éis tosú arís ar líon teoranta bainte den chlár neamhdheonacha ar bhonn láimhe.

Táim sásta le héifeachtúlacht chórais rialaithe airgeadais inmheánaigh na Roinne.

#### **Declan Hughes**

Oifigeach Cuntasaíochta

Fiontar, Trádála agus Fostaíochta

11 Meán Fómhair 2025

## An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste Tuarascáil le cur faoi bhráid Dháil Éireann

### Vóta 32 Fiontar, Trádáil agus Fostaíocht Tuairim faoin gcuntas leithreasa

Rinne mé iniúchadh ar an gcuntas leithreasa do Vóta 32 Fiontar, Trádáil agus Fostaíocht don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993.

Is é mo thuairimse go gcuirtear i láthair go cuí

- sa chuntas leithreasa fáltais agus caiteachas Vóta 32 Fiontar, Trádáil agus Fostaíocht don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024, agus
- gur ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin.

#### **An bonn leis an tuairim**

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúcháireachta (ISAnna) arna gcur i bhfeidhm ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúcháireachta. Déantar cur síos ar mo fhreagrachtaí faoi na caighdeáin sin san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo. Táim neamhspleách ar an Roinn Fiontar, Turasóireachta agus Fostaíochta agus chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí eiticíúla eile i gcomhréir leis na caighdeáin.

Creidim go bhfuil an fhianaise iniúchta atá aimsithe agam leordhóthanach agus cuí chun bunús a chur le mo thuairim.

### **Tuarascáil ar an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais agus ar nithe eile**

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm as tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta, san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo.

#### **Saincheisteanna a thagann chun cinn i ndáil le scéimeanna ráthaíochta agus iasachta**

Bainistíonn Corparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann (SBCI) roinnt scéimeanna iasachta agus ráthaíochta creidmheasa thar ceann na Roinne. Sa ráiteas ar rialú airgeadais, nochtann an tOifigeach Cuntasaíochta roinnt saincheisteanna a thagann chun cinn maidir leis an mbealach a riarann SBCI na scéimeanna sin.

- Rinneadh focaíocht €670,000 i leith ráthaíochtaí a leathnaíodh le haghaidh ocht n iasacht, ar iasachtaí iad a síltear anois go bhfuarthas ar bhealach calaíseach iad.

- Le hathbheithniú ar bhailiú na bpréimheanna i gcás scéimeanna ráthaíochta iasachta áirithe, rinneadh amach nár bailíodh na préimheanna uile ar iasachtaí áirithe dar luach €500,000 san iomlán, a bhféadfadh sé nach féidir a bhformhór a bhailiú anois.
- Sainithníodh saincheisteanna maidir le hincháilitheacht na tacaíochta i gcás iasachtaí áirithe a ráthaíodh faoin Scéim Ráthaíochta Creidmheasa don Úcráin.

**Seamus Mac Cárthaigh**

An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste

15 Meán Fómhair 2025

## Aguisín a ghabhann leis an tuarascáil ón Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste

### ***Freagrachtaí an Oifigeach Cuntasaíochta***

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach as an méid seo a leanas

- an cuntas leithreasa a ullmhú i gcomhréir le halt 22 den Exchequer and Audit Departments Act, 1866
- a áirithiú go mbeidh an cuntas leithreasa i gcomhréir le ceanglais na *Nósanna Imeachta um Airgeadas Poiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin, agus le hordacháin eile ón Aire Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin
- rialtacht na n idirbheart a áirithiú, agus
- cibé rialú inmheánach a chur chun feidhme a chinneann an tOifigeach Cuntasaíochta a bheith riachtanach chun ullmhú an chuntais leithreasa a chumasú, saor ó mhíríteas ábhartha, cibé acu de dheasca calaoise nó earráide.

### ***Freagrachtaí an Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste***

Ceanglaítear orm faoi alt 3 d'Acht an Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993 iniúchadh a dhéanamh ar an gcuntas leithreasa agus tuairisciú air sin do Dháil Éireann á rá cibé acu, i mo thuairimse, a chuirtear na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an vóta i láthair i gceart sa chuntas.

Is é an cuspóir atá agam agus an t iniúchadh á dhéanamh dearbhú réasúnach a fháil maidir le cé acu atá nó nach bhfuil an cuntas leithreasa saor ó mhíríteas ábhartha de dheasca calaoise nó earráide. Tá dearbhú réasúnach ina ardleibhéal dearbhaithe, ach ní ráthaíocht atá ann go mbraithfear le hiniúchadh a dhéantar i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúcháireachta míráiteas ábhartha i gcónaí nuair is ann dó. Is féidir le míráitis eascairt as calaois nó earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha más rud é, ar bhonn aonair nó ar an gcomhiomlán, go bhféadfaí a mheas le réasún go mbeadh tionchar acu ar chinntí eacnamaíocha úsáideoirí a dhéantar ar bhonn an chuntais leithreasa.

Mar chuid d'iniúchadh i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúcháireachta, feidhmím breithiúnas gairmiúil agus coinním sceipteachas gairmiúil ar feadh an iniúchta. Ar an dóigh sin,

- Sainaithním na rioscaí a bhaineann le míráiteas ábhartha a thabhairt ar an gcuntas leithreasa, agus déanaim measúnú air sin, cibé acu de dheasca calaoise nó earráide; dearaim agus feidhmím nósanna imeachta iniúcháireachta atá freagrach do na rioscaí sin; agus faighim fianaise iniúcháireachta atá leordhóthanach agus iomchuí chun bonn a sholáthar le mo tuairim. Tá riosca níos mó ag baint le gan míráiteas ábhartha a thagann as calaois a bhrath ná ceann a thagann as earráid a bhrath, ós rud é gur féidir go mbeidh claonpháirteachas, brionnú, neamhghníomhartha intinneacha, mífhaisnéisí nó sárú ar rialú inmheánach i gceist le calaois.
- Faighim tuiscint ar rialú inmheánach atá ábhartha maidir leis an iniúchadh chun nósanna imeachta iniúcháireachta atá iomchuí sna himthosca a dhearadh, ach ní dhéanaim amhlaidh chun tuairim a léiriú ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim measúnú ar cé acu a comhlíonadh nó nár comhlíonadh forálacha cuntasaíochta na *Nósanna Imeachta um Airgeadas Poiblí* na Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin.

Déanaim cumarsáid leis an Oifigeach Cuntasaíochta i leith, i measc ábhair eile, raon feidhme agus uainiú beartaithe an iniúchta agus torthaí iniúcháireachta suntasacha, lena n áirítear aon easnaimh shuntasacha sa rialú inmheánach a shainaithním le linn m'iniúchta.

### **Aguisín a ghabhann leis an tuarascáil ón Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste (ar ar leanúint)**

Tuairiscím, mar eisceacht, más rud é, i mo thuairimse,

- Nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe uile a d'éiligh mé le haghaidh m'iniúchta, nó
- nár leor na taifid chuntasaíochta chun gur féidir iniúchadh a dhéanamh go fonnmhar agus i gceart ar an gcuntas leithreasa, nó
- nach bhfuil an cuntas leithreasa ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

#### ***Tuairisciú ar an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais***

I dtaca le mo thuairim ar an gcuntas leithreasa, ní chlúdaítear ráiteas an Oifigigh Cuntasaíochta maidir le rialú inmheánach airgeadais, ná ní chuirim in iúl aon chineál conclúide dearbhaithe maidir leis sin.

I dtaca le m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa, ceanglaítear orm faoi na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúcháireachta an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais a léamh agus, ar an dóigh sin, breithniú a dhéanamh ar cé acu atá an fhaisnéis atá ann ar neamhréir ábhartha leis an gcuntas leithreasa nó leis an eolas a fhaightear ann le linn an iniúchta, nó más cosúil gur tugadh míráiteas ábhartha ina leith. Más rud é, bunaithe ar an obair atá déanta agam, go dtagaim ar an gconclúid go bhfuil míráiteas ábhartha ann, ceanglaítear orm an fóras sin a thuairisciú.

#### ***Tuairisciú ar ábhair eile***

Féachaim le fianaise eile a fháil faoi rialtacht idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Ceanglaítear orm a thuairisciú, faoi alt 3 den Acht um Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, má shainaithním aon chás ábhartha inarb amhlaidh nár cuireadh airgead poiblí i bhfeidhm chun na gcríoch atá beartaithe nó inarb amhlaidh nach raibh idirbhearta i gcomhréir leis na húdaráis a rialaíonn iad.

Ceanglaítear orm freisin, faoi Acht 1993, tuarascáil a ullmhú gach bliain ar cibé ábhair a eascraíonn as mo chuid iniúchtaí ar na cuntais leithreasa a mheasaim a bheith iomchuí. Sna cásanna sin, leis na tuarascálacha iniúcháireachta ar na cuntais leithreasa ábhartha tagraítear don chaibidil nó do na caibidilí ábhartha i mo *Thuarascáil bliantúil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí*.

## Vóta 32 Fiontar, Trádáil agus Fostaíocht

### Cuntas Leithreasa 2024

		2024		2023
		Soláthar meastacháin		Toradh
		€000	€000	€000
<b>Caiteachas an chláir</b>				
A	Forbairt Post agus Fiontraíochta			
	<i>Bunmhéid</i>	890,325		
	<i>Géilleadh iarchurtha</i>	20,000		
	<i>Forlíontach</i>	167,662		
			1,077,987	1,028,114
B	Fiontar, nuálaíocht agus tráchtálú			
	<i>Bunmhéid</i>	244,917		
	<i>Forlíontach</i>	(2,654)		
			242,263	236,863
C	Rialáil			
	<i>Bunmhéid</i>	133,272		
	<i>Forlíontach</i>	2,114		
			135,386	132,506
				111,956
<b>Ollchaiteachas</b>				
	<i>Bunmhéid</i>	1,268,514		
	<i>Géilleadh iarchurtha</i>	20,000		
	<i>Forlíontach</i>	167,122		
			1,455,636	1,397,483
				1,065,773
Asbhaint				
D	<b>Leithreasuithe-i-gcabhair</b>			
	<i>Bunmhéid</i>	74,881		
	<i>Forlíontach</i>	12,000		
			86,881	91,803
				78,631
<b>Glanchaiteachas</b>				
	<i>Bunmhéid</i>	1,193,633		
	<i>Géilleadh iarchurtha</i>	20,000		
	<i>Forlíontach</i>	155,122		
			1,368,755	1,305,680
				987,142

**Barrachas**

Dlítear barrachas na suime a soláthraíodh, thar an nglanmhéid a cuireadh i bhfeidhm, a ghéilleadh don Státchiste.

Faoi Alt 91 den Acht Airgeadais 2004, is féidir iomlán na leithreasaithe neamhchaite i leith seirbhísí soláthair caipitil nó cuid díobh a thabhairt ar aghaidh lena gcaiteachas sa bhliain ina dhiaidh sin.

	<b>2024</b>	<b>2023</b>
	€	€
Barrachas	63,074,732	616,850,553
Géilleadh iarchurtha	—	(20,000,000)
<b>Barrachas le géilleadh</b>	<b><u>63,074,732</u></b>	<b><u>596,850,553</u></b>

**Declan Hughes**

Oifigeach Cuntasaíochta  
Fiontar, Trádála agus Fostaíochta

11 Meán Fómhair 2025

## Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

### Nóta 1 Ráiteas Costas Oibriúcháin 2024

	2024	2023
	€000	€000
Costais an chláir	1,344,966	1,017,536
Pá	42,005	37,667
Neamhphá	10,512	10,570
<b>Ollchaiteachas</b>	<b>1,397,483</b>	<b>1,065,773</b>
<i>Asbhaint</i>		
<b>Leithreasuithe-i-gcabhair</b>	<b>91,803</b>	<b>78,631</b>
<b>Glanchaiteachas</b>	<b>1,305,680</b>	<b>987,142</b>
<b>Athruithe ar shócmhainní caipitil</b>		
<b><i>Maoin, gléasra agus trealamh</i></b>		
<b><i>(nóta 2.1)</i></b>		
Ceannacháin	(163)	
Dímheas	320	
<b><i>Sócmhainní doláimhsithe (nóta 2.2)</i></b>		
Ceannacháin	(1,200)	
Amúchadh	829	
	(214)	(141)
<b>Athruithe ar ghlansócmhainní reatha</b>		
Laghdú ar réamhíocaíochtaí	93	
Méadú ar ioncam fabhraithe	(389)	
Méadú ar speansais fhabhraithe	690	
Méadú ar ioncam iarchurtha	2,470	
	2,864	3,255
<b>Caiteachas díreach</b>	<b>1,308,330</b>	<b>990,256</b>
<b>Caiteachas a íoctar in áiteanna eile</b>		
Glanchaiteachas seirbhísí gaolmhara (airgead tirim) (nóta 1.1)	30,210	29,066
Cíosanna barúlacha (neamhairgid)	2,847	2,847
<b>Glanhostas an chláir</b>	<b>1,341,387</b>	<b>1,022,169</b>

### 1.1 Glanchaiteachas seirbhísí gaolmhara

Tá méid na nglanchaiteachas seirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na suimeanna seo a leanas maidir le Vóta 32 a íoctar in áit eile.

	<b>2024</b>	<b>2023</b>
	<b>€000</b>	<b>€000</b>
Vóta 9 Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim	—	62
Vóta 12 Aoisliúntas agus Liúntais ar Scor	25,390	24,257
Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí	3,830	3,868
Vóta 18 An Oifig Náisiúnta Um Sheirbhísí Comhroinnte	134	134
Vóta 20 Garda Síochána	290	251
Vóta 43 Oifig Phríomhoifigeach Faisnéise an Rialtais	221	153
Lárchiste – Pinsin aireachta	345	341
	<b>30,210</b>	<b>29,066</b>

**Nóta 2 Ráiteas maidir le Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2024**

	Nóta	2024 €000	2023 €000
<b>Sócmhainní seasta</b>			
Réadmhaoín, fearas, agus trealamh	2.1	446	603
Sócmhainní doláimhsithe	2.2	6,018	5,647
		<b>6,464</b>	<b>6,250</b>
<b>Sócmhainní reatha</b>			
Banc agus airgead tirim		3,805	19,993
Réamhíocaíochtaí eile	2.3	1,621	1,714
Ioncam fabhráithe	2.4	727	338
Iarmhéideanna dochair eile	2.5	2,213	926
		<b>8,366</b>	<b>22,971</b>
<i>Lúide</i>			
<b>Dhliteanais reatha</b>			
Costais fhabhráithe	2.6	4,660	3,970
Ioncam iarchurtha	2.7	6,639	4,169
Iarmhéideanna creidmheasa eile	2.8	5,466	5,639
Glanmhaoiniú ón Státchiste	2.9	552	15,280
		<b>17,317</b>	<b>29,058</b>
<b>Glandliteanais reatha</b>		<b>(8,951)</b>	<b>(6,087)</b>
<b>Glan-(dhliteanais)/sócmhainní</b>		<b>(2,487)</b>	<b>163</b>
<b>Léirithe ag:</b>			
<b>Cuntas maoinithe an Stáit</b>	2.10	<b>(2,487)</b>	<b>163</b>

**2.1 Réadmhaoin, fearas agus trealamh**

	<b>Trealamh oifige agus TF</b>	<b>Troscán agus feistis</b>	<b>Iomlán</b>
	<b>€000</b>	<b>€000</b>	<b>€000</b>
<b>Costas nó luacháil <sup>a</sup></b>			
Amhail an 1 Eanáir 2024	6,543	2,856	9,399
Breiseanna	163	—	163
Diúscairtí	(260)	—	(260)
Amhail an 31 Nollaig 2024	6,446	2,856	9,302
<b>Dímheas carntha</b>			
Amhail an 1 Eanáir 2024	6,118	2,678	8,796
Dímheas don bhliain	262	58	320
Dímheas ar dhiúscairtí	(260)	—	(260)
Amhail an 31 Nollaig 2024	6,120	2,736	8,856
<b>Glansócmhainní</b>			
<b>Amhail an 31 Nollaig 2024</b>	<b>326</b>	<b>120</b>	<b>446</b>
Amhail an 31 Nollaig 2023	425	178	603

Nóta <sup>a</sup> Áirítear le costas nó luacháil sócmhainní áirithe a fuarthas le haghaidh níos lú ná €10,000 roimh 1 Eanáir 2021.

**2.2 Sócmhainní doláimhsithe**

	<b>Bogearraí faighte agus forbartha</b>	<b>Sócmhainní atá á bhforbairt</b>	<b>Iomlán</b>
	<b>€000</b>	<b>€000</b>	<b>€000</b>
<b>Costas nó luacháil</b>			
Amhail an 1 Eanáir 2024	32,250	1,621	33,871
Breiseanna	—	1,200	1,200
Aistrithe	2,319	(2,319)	—
Amhail an 31 Nollaig 2024	34,569	502	35,071
<b>Amúchadh Carntha</b>			
Amhail an 1 Eanáir 2024	28,224	—	28,224
Amúchadh don bhliain	829	—	829
Amhail an 31 Nollaig 2024	29,053	—	29,053
<b>Glansócmhainní</b>			
<b>Amhail an 31 Nollaig 2024</b>	<b>5,516</b>	<b>502</b>	<b>6,018</b>
Amhail an 31 Nollaig 2023	4,026	1,621	5,647

**2.3 Réamhíocaíochtaí eile**

Amhail an 31 Nollaig	<b>2024</b>	<b>2023</b>
	<b>€000</b>	<b>€000</b>
Seirbhísí agus tacaíocht TF	1,390	1,369
Riarachán	231	345
	<b>1,621</b>	<b>1,714</b>

**2.4 Ioncam fabhraithe**

Amhail an 31 Nollaig	<b>2024</b>	<b>2023</b>
	<b>€000</b>	<b>€000</b>
Ioncam dlite ón gCoimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí	203	165
Ioncam dlite ó cheadanna fostaíochta	59	123
Ioncam dlite d'Oifigí RFTF as seirbhísí	39	30
Scéimeanna ráthaíochta creidmheasa	426	20
	<b>727</b>	<b>338</b>

**2.5 Iarmhéideanna dochair eile**

Amhail an 31 Nollaig	2024	2023
	€000	€000
Réamhíocaíochtaí chuig OOP	8	15
Iarmhéideanna dochair ilghnéitheacha	2,064	678
Caiteachas in-aisghabhála		
Turas	(11)	
Seirbhísí comhroinnte	152	
	141	233
	<b>2,213</b>	<b>926</b>

**2.6 Costais fhabhraithe**

Amhail an 31 Nollaig	2024	2023
	€000	€000
Scéim um fhaoiseamh daonnúil	—	2,932
Aisíocaíochtaí ceada fostaíochta dlite	353	349
Costais riaracháin	463	337
Aisghabhálacha idir-rialtasacha	126	132
Seirbhísí agus tacaíocht TF	143	181
Costais dlí	9	2
Scéimeanna ráthaíochta creidmheasa	—	37
Carnuithe a bhaineann le párolla (nóta 2.15)	3,566	—
	<b>4,660</b>	<b>3,970</b>

**2.7 Ioncam iarchurtha**

Amhail an 31 Nollaig	2024	2023
	€000	€000
Fáltais ó cheadanna fostaíochta as iarratais neamhphróiseáilte	4,999	2,457
Iarmhéideanna custaiméirí ón Oifig um Chlárú Cuideachtaí	1,640	1,712
	<b>6,639</b>	<b>4,169</b>

**2.8 Iarmhéideanna creidmheasa eile**

Amhail an 31 Nollaig	2024	2023
	€000	€000
<b>Suimeanna atá dlite don Stát</b>		
Cáin ioncaim	1,276	1,220
Árachas sóisialta pá-choibhneasa	881	797
Cáin mhaoine áitiúil	7	7
Cáin shiarchoinneálach seirbhísí gairmiúla	128	165
Cáin bhreisluaicha ar fháltais laistigh den AE	96	104
Muirear sóisialta uilíoch	237	239
	<u>2,625</u>	<u>2,532</u>
Sciar de tháillí athnuachana paitinne is iníoctha le hOifig Eorpach na bPaitinní	1,998	1,882
Íocaíochtaí foirne	593	450
Dlíteanas pinsin	(35)	4
Tuarastail in-aisghabhála	122	159
Iarmhéideanna ilghnéitheacha eile	163	612
	<u><b>5,466</b></u>	<u><b>5,639</b></u>

**2.9 Glanmhaoiniú Státchiste**

Amhail an 31 Nollaig	2024	2023
	€000	€000
Barrachas le géilleadh	63,075	596,851
Géilleadh iarchurtha	—	20,000
Deontas neamhtharraingthe ón Státchiste	(62,523)	(601,571)
<b>Glanmhaoiniú ón Státchiste</b>	<u><b>552</b></u>	<u><b>15,280</b></u>
<b>Léirithe ag:</b>		
<b>Féichiúnaithe</b>		
Banc agus airgead tirim	3,805	19,993
Iarmhéideanna dochair eile	2,213	926
	<u>6,018</u>	<u>20,919</u>
<b>Creidiúnaithe</b>		
Dlíte don Stát	(2,625)	(2,532)
Iarmhéideanna creidmheasa eile	(2,841)	(3,107)
	<u>(5,466)</u>	<u>(5,639)</u>
	<u><b>552</b></u>	<u><b>15,280</b></u>

**2.10 Cuntas maoinithe an Stáit**

	Nóta	2024	2023
		€000	€000
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir		163	3,277
Eisíocaíochtaí ón Vóta			
Soláthar meastacháin	Cuntas	1,368,755	
Géilleadh iarchurtha	Cuntas	—	
Barrachas le géilleadh	Cuntas	(63,075)	
Glanvóta		1,305,680	987,142
Caiteachas (airgead tirim) a íoctar in áiteanna eile	1.1	30,210	29,066
Caiteachas neamhairgid – cíos barúlach	1	2,847	2,847
Glanchostas an chláir	1	(1,341,387)	(1,022,169)
<b>Iarmhéid amhail an 31 Nollaig</b>		<b>(2,487)</b>	<b>163</b>

**2.11 Tiomantais**

a) Tiomantais dhomhanda <sup>a</sup>	2024	2023
Amhail an 31 Nollaig	€000	€000
Earraí agus seirbhísí a sholáthar	1,289	123,890
Cláir deontais neamhchaipítíl	976	5,774
Cláir deontais chaipítíl	19,404	1,295,163
<b>Iomlán</b>	<b>21,669</b>	<b>1,424,827</b>
<b>b) Cláir deontais neamhchaipítíl</b>	<b>2024</b>	<b>2023</b>
	<b>€000</b>	<b>€000</b>
Iarmhéid tosaigh	5,774	3,837
Tiomantais deontais nua	4,199	22,700
Deontais a íocadh sa bhliain	(6,137)	(20,288)
Deontais a cuireadh ar ceal	—	(475)
Deireadh a chur le gealltanais gníomhaireachta <sup>a</sup>	(2,860)	—
<b>Iarmhéid deiridh</b>	<b>976</b>	<b>5,774</b>

<b>c) Cláir deontais chaipitil</b>	<b>2024</b>	<b>2023</b>
	<b>€000</b>	<b>€000</b>
Iarmhéid tosaigh	1,295,163	1,153,153
Tiomantais deontais nua	167,827	784,610
Deontais a íocadh sa bhliain	(167,823)	(474,567)
Deontais a cuireadh ar ceal	—	(168,033)
Deireadh a chur le gealltanais gníomhaireachta <sup>a</sup>	(1,275,763)	—
<b>Iarmhéid deiridh</b>	<b>19,404</b>	<b>1,295,163</b>

Nóta <sup>a</sup> De réir chiorclán 20 de 2024, níl ach scéimeanna deontais a íoctar go díreach ón Vóta le cur san áireamh i ngealltanais 2024, agus mar thoradh air sin baineadh gealltanais gníomhaireachta in 2024 a bhí mar chuid de na hiarmhéideanna oscailte a tugadh ar aghaidh ó 2023.

## 2.12 Dliteanais aibithe

	<b>2024</b>	<b>2023</b>
	<b>€000</b>	<b>€000</b>
Amhail an 31 Nollaig		
Meastachán ar dhliteanais aibithe nár urscaoileadh ag deireadh na bliana	<b>96</b>	<b>146</b>

## 2.13 Dliteanais theagmhasacha

### **Scéimeanna ráthaíochta creidmheasa**

Soláthraíonn an Scéim Ráthaíochta Creidmheasa (SRC) a tháinig i bhfeidhm in 2012 agus a ndearnadh athbhreithniú uirthi in 2017, go gcuirtear ráthaíocht stáit tríd an Roinn ar fáil d'iasachtóirí rannpháirteacha 80% ar iasachtaí incháilithe nó ar bhannaí feidhmíochta do mhicrifhiontair, fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) inmharthana. Ba é an neamhchosaint uasta don Roinn maidir le hiasachtaí gan íoc amhail an 31 Nollaig 2024 don SRC ná €504,647 (2023: €458,000).

Seoladh an Scéim Ráthaíochta Creidmheasa Covid 19 (SRCC) i mí Mheán Fómhair 2020 chun cabhrú le gnólachtaí a raibh tionchar diúltach ag Covid 19 orthu agus dúnadh í d'iasachtú an 30 Meitheamh 2022. Chuir an Scéim ráthaíocht Stáit de 80% ar fáil d'iasachtóirí rannpháirteacha ar shaoráidí iasachtaithe suas go huasmhéid comhcheangailte de €2 billiún. Forbraíodh an Scéim de réir Chreat Sealadach maidir le Státchabhair an Choimisiúin Eorpaigh agus bhí sí ar fáil d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide, do chuideachtaí meánchaipitlithe beaga agus do phríomhtháirgeoirí a chomhlíon na critéir cháilitheachta. Ba é an neamhchosaint uasta don Roinn maidir le hiasachtaí gan íoc amhail an 31 Nollaig 2024 don SRCC ná €140.23 milliún (2023: €280.39 milliún).

Seoladh an Scéim Ráthaíochta Creidmheasa don Úcráin (SRCÚ) i mí Eanáir 2023. Forbraíodh an Scéim chun cabhrú le gnólachtaí a raibh tionchar ag méaduithe costais ag éirí as an gcoinbhleacht san Úcráin orthu. Chuir an scéim tacaíocht ar fáil le haghaidh suas le €1.2 billiún in iasachtaí do FBManna agus do ghnólachtaí meánmhéide beaga chun críocha caipitil oibre agus infheistíochta. Bhí iasachtaí suas le €1 milliún ar fáil ó iasachtóirí rannpháirteacha, lena n-áirítear bainc, soláthraithe neamhbhainc agus comhair chreidmheasa. Is í Corparáid Baincéireachta Straitéisí na hÉireann (CBSÉ) a riarann an Scéim agus bhí sí ar fáil go dtí an 31 Nollaig 2024. Ba é an neamhchosaint uasta don Roinn maidir le hiasachtaí gan íoc amhail an 31 Nollaig 2024 don SRCÚ ná €251.71 milliún (2023: €82.96 milliún).

I gcás gach ceann de na Scéimeanna seo, íocann an Stát (an ráthóir) an ráthaíocht leis an iasachtóir rannpháirteach ar an iarmhéid príomhshuime neamhghnóthaithe ar iasacht i gcás go mainníonn iasachtaí ar aisíocaíochtaí.

Ba é an neamhchosaint uasta iomlán don Roinn maidir le gach iasacht gan íoc amhail an 31 Nollaig 2024 ná €392.45 milliún (2023: €363.81 milliún).

Ceanglaítear ar ghnólachtaí a bhaineann leas as na Scéimeanna seo préimh bheag a íoc leis an Roinn. Íoctar éilimh i gcoinne na ráthaíochta le hiasachtóirí rannpháirteacha ó fho-cheannteideal A.9. Déantar íocaíochtaí le Corparáid Baincéireachta Straitéisí na hÉireann (CBSÉ) chun na scéimeanna a oibriú as an bhfo-cheannteideal seo freisin.

	2024		2022-2024	
	€000	€000	€000	€000
Fáltais i ndáil le préimheanna a íocann FBManna		2,228		11,731
Aisghabháil ar iasachtaí mainneachtana		1,164		1,273
Caiteachas na scéime				
Riarachán na scéime	(2,393)		(11,657)	
Éilimh íoctha	(12,776)		(23,203)	
Costas iomlán na scéimeanna		(15,169)		(34,860)
Glanchostas scéimeanna		<u>(11,777)</u>		<u>(21,856)</u>

### **Foirceannadh deonach Lárionad Tomhaltóirí Eorpach na hÉireann**

D'fhéadfadh go mbeadh dliteanas ar an Roinn, i gcomhar leis an gCoimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí (CICT), i ndáil le costais áirithe a bhaineann le foirceannadh deonach Lárionad Eorpach Tomhaltóirí na hÉireann (LETÉ). Is cuideachta phríobháideach faoi theorainn ráthaíochta é an LETÉ a corpraíodh i bhFeabhra 2003. Ainmníodh LETÉ mar chomhlacht aitheanta chun críocha rialacháin áirithe de chuid an AE agus fuair sé méideanna measartha maoinithe ó Vóta FTF maidir leis an aitheantas seo. Bhí ball foirne ag an Roinn freisin ag gníomhú mar Stiúrthóir ar an LETÉ.

Tá foirceannadh deonach á dhéanamh ar an LETÉ. Rinne Stiúrthóirí na cuideachta an cinneadh seo agus scoir LETÉ de bheith ag feidhmiú ar an 31 Nollaig 2023. Tá leachtaitheoir ceaptha chun maoirseacht a dhéanamh ar phróiseas foirceanta LETÉ agus dá bhrí sin tá siad neamhspleách ar an Roinn agus ar an CICT ina bhfeidhmeanna.

D'ainmnigh an Roinn an CICT mar an comhlacht a bheidh ag óstáil feidhmeanna an Lárionaid Eorpaigh do Thomhaltóirí (LET) in Éirinn ón 1 Eanáir 2024.

Tá an CICT tar éis dul i ngleic go díreach le Gníomhaireacht Feidhmiúcháin na Comhairle Nuálaíochta Eorpaí agus na bhFiontar Beag agus Meánmhéide (EISMEA - Gníomhaireacht neamhspleách de chuid an Choimisiúin Eorpaigh trína soláthraíonn an Coimisiún maoiniú agus a dhéanann sé a iniúchtaí) maidir lena ainmniú agus i gcur i gcrích fheidhmeanna an LET.

Tá an Roinn agus an CICT araon tiomanta do thacaíocht a thabhairt don LETÉ tríd an bpróiseas foirceanta deonach. Baineann an dliteanas teagmhasach le costais an phróisis foirceanta nach féidir a mheas go héasca ag an am seo.

### ***Dlíteanais theagmhasacha eile***

Tá Roinn bainteach le roinnt imeachtaí dlí atá ar feitheamh, a d'fhéadfadh dlíteanais a chruthú, ag brath ar thoradh na dlíthíochta. Tá fíormhéid nó uainiú na ndlíteanais éiginnte.

## **2.14 Scéimeanna iasachta**

### ***Scéim iasachta Fáis sa Todhchaí***

Is scéim um iasacht infheistíochta caipitiúil fadtéarmaí í an Scéim um Iasachtaí Fáis sa Todhchaí (SIFT) a d'fhorbair an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta agus an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, i gcomhpháirtíocht leis an Roinn Airgeadais, Corparáid Baincéireachta Straitéisí na hÉireann (CBSÉ) agus an Ciste Eorpach Infheistíochta (CEI).

Gníomhaíonn CBSÉ mar ráthóir, le maoiniú ón dá roinn agus le frithráthaíocht ó Ghrúpa an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta (GBEI). Is fochuideachta de chuid GBEI é an CEI. Cuireann an scéim socrú comhroinnte riosca 80% ar fáil d'iasachtóirí, agus cailteanais roinnte mar seo a leanas: 64% clúdaithe ag GBEI, 16% ag CBSÉ, agus 20% ag na soláthraithe airgeadais.

Sheol CBSÉ an scéim i mí an Mheithimh 2019 agus dúnadh í d'iaratasóirí i mí an Mhárta 2023. Tá an tréimhse aisíocaíochta le críochnú ar an 31 Márta 2033.

Cuireadh í ar fáil trí sholáthróirí airgeadais rannpháirteacha a chuir suas le €300 milliún d'iasachtaí infheistíochta ar fáil d'Éireannaigh incháilithe trí FBManna, lena n-áirítear feirmeoirí agus iascairí, agus cuideachtaí meánchaipitilthe beaga. Bhí na hiasachtaí ar phraghas iomaíoch (uasráta úis iasachta tosaigh de 4.5% le haghaidh iasachtaí níos lú ná €250,000), bhí siad ar feadh téarmaí 7-10 mbliana agus thacaigh siad le hinfeistíocht fhadtéarmach straitéiseach i dtimpeallacht iar-Brexit. Cuireadh íosmhéid iasachta de €100,000 suas go huasmhéid de €3,000,000 in aghaidh an iarratasóra i bhfeidhm.

Mar gheall ar thionchar airgeadais suntasach tobann na paidéime Covid 19 ar ghnólachtaí, seoladh an dara tráinse iasachtaí in 2020 arb ionann iad agus suas le €500 milliún san iomlán.

Ba é costas an €300 milliún tosaigh a cuireadh ar fáil ná €63 milliún, agus bhí €38 milliún de sin maoinithe ag Vóta 32. Ba é an costas méadaithe acmhainne iasachta (an dara tráinse) ná €104 milliún, agus cuireadh €62 milliún de sin ar fáil faoi Vóta 32.

#### Costas díreach SIFT do Vóta 32 Fiontar, Trádáil agus Fostaíocht

	2018 – 2023	2024	2025-2030	Total
	€000	€000	€000	€000
<b>Soláthar don chéadchailteanas <sup>a</sup></b>				
CEI	69,300	—	—	69,300
CBSÉ	19,528	—	—	19,528
<b>Táillí bainistíochta</b>				
CEI	2,431	—	—	2,431
CBSÉ	8,732	—	—	8,732
<b>Costas iomlán</b>	<b>99,991</b>	<b>—</b>	<b>—</b>	<b>99,991</b>
Luach réamh-mheasta na n-éileamh iníoctha ar iasachtaí mainnithe <sup>b</sup>	383	668	15,819	<b>16,870</b>

B'ionann aisghabhálacha do SIFT agus €122,000

Nóta <sup>a</sup> Tagraíonn maoiniú Céadchailteanais do mhaoiniú roimh ré a sholáthraíonn an Roinn do CBSÉ agus d'EIF araon chun mainneachtana iasachta féideartha a chlúdach ar bhonn céadchailteanais faoin SIFT. Mura bhfuil na mainneachtana chomh mór le méideanna an Chéadchailteanais atá íoctha cheana féin, níl aon chostas breise ann don Státchiste, agus glacann CBSÉ agus GBEI le haon chailteanais bhreise. Má bhíonn na mainneachtana níos ísle ná mar a bhíodhas ag súil leis, cuirfear aon chistí Céadchailteanais neamhúsáidte ar ais chuig an Státchiste.

<sup>b</sup> Cuirtear éilimh íoctha i bhfeidhm i gcoinne an fhorála 'céadchailteanais'. Tá luach measta na n-éileamh a réamh-mheastar a thiocfaidh chun cinn don tréimhse 2025-2030 bunaithe ar líon na n-iasachtaí atá mainnithe faoi láthair agus ar an meánchéatadán éileamh do scéimeanna.

#### Anailís ar iasachtaí SIFT amhail an 31 Nollaig 2024 do Vóta 32

	Líon na n-iasachtaí	Luach na n-iasachtaí €000
iasachtaí tarraingthe (2019-2023)	1,917	531,425
iasachtaí aisíoctha	230	95,624
iasachtaí mainneachtana	40	9,414
Méid aisíoctha ar iasachtaí faoi réir éileamh	57	2,375
iasachtaí Beo (méid aisíoctha)	1,590	167,825
<b>Iarmhéid gan íoc</b>	<b>1,590</b>	<b>256,187</b>

### Scéim Iasachta Fáis agus Inbhuanaitheachta

Is scéim um iasacht infheistíochta fadtéarmach €500 milliún í an Scéim Iasachta Fáis agus Inbhuanaithe (SIFI), a seoladh i Meán Fómhair 2023, arna seachadadh ag CBSÉ a thugann ráthaíocht 80% d'iasachtóirí rannpháirteacha. Soláthraíonn Grúpa na mBanc Eorpach Infheistíochta (GBEI) frithráthaíocht do CBSÉ ionas gurb é an sciar riosca don scéim ná: 20% soláthraithe airgeadais, 16% CBSÉ agus 64% GBEI.

Dírítear 30% ar a laghad den mhéid iasachtaithe ar chríocha inbhuanaitheachta comhshaoil agus é mar aidhm aige cabhrú le FBManna infheistíocht a dhéanamh in inbhuanaitheacht agus in éifeachtúlacht fuinnimh. Tá an fuilleach (suas go dtí) 70% den iasacht le haghaidh iasachtaí le infheistíochtaí straitéiseacha d'fhonn táirgiúlacht agus iomaíochas a mhéadú agus mar sin bonn a chur faoi inbhuanaitheacht agus fás gnó amach anseo.

Roinntear costais an SIFI idir an RFTF agus an RTBM ar bhonn 60:40.

Is ionann na costais a bhainfidh leis an scéim €500 milliún agus thart ar €112 milliún, agus chuir an RFTF €67 milliún ar fáil idir 2022 agus 2023. Clúdaíonn an maoiniú seo ráthaíocht uasteorann 'céadchailteanais' (i.e. ráthaíonn an Stát go gclúdódh sé an chéad chuid de chailteanais ar aon mhainneachtain) agus costais riaracháin don CEI agus do CBSÉ araon.

Tá an scéim ar fáil ar feadh trí bliana nó go dtí go mbeidh sí sínithe go hiomlán agus go dtiocfaidh deireadh leis an tréimhse aisíocaíochta ar an 30 Meitheamh 2036.

#### Costas díreach SIFI do Vóta 32 Fiontar, Trádáil agus Fostaíocht

	2022-2023	2024	2025-2036	Total
	€000	€000	€000	€000
<b>Soláthar</b>				
<b>don chéadchailteanas<sup>a</sup></b>				
CEI	47,300	—	—	47,300
CBSÉ	15,082			15,082
<b>Táillí bainistíochta</b>				
CEI	—	—	—	—
CBSÉ	4,502			4,502
<b>Costas iomlán</b>	<b>66,884</b>	—	—	<b>66,884</b>
Éilimh ar iasachtaí mainneachtana a íocadh <sup>b</sup>	—	—	5,886	5,886

Nóta <sup>a</sup> Tagraíonn maoiniú Céadchailteanais do mhaoiniú roimh ré a sholáthraíonn an Roinn do CBSÉ agus d'EIF chun mainneachtana iasachta féideartha a chlúdach ar bhonn céadchailteanais faoin SIFI. Mura bhfuil na mainneachtana chomh mór le méideanna an Chéadchailteanais atá íoctha, níl aon chostas breise ann don Státchiste, agus glacann CBSÉ agus GBEI le haon chailteanais bhreise. Má bhíonn na mainneachtana níos ísle ná mar a bhíodhas ag súil leis, cuirfear aon chistí Céadchailteanais neamhúsáidte ar ais chuig an Státchiste.

<sup>b</sup> Cuirtear éilimh íoctha i bhfeidhm i gcoinne an fhorála 'céadchailteanais'. Tá luach measta na n-éileamh a réamh-mheastar a thiocfaidh chun cinn don tréimhse 2025-2036 bunaithe ar líon na n-iasachtaí atá mainnithe faoi láthair agus ar an meánchéatadán éileamh do scéimeanna.

**Anailís ar iasachtaí SIFI amhail an 31 Nollaig 2024 do Vóta 32**

Bliain eisiúint na hiasachta	2023		2024	
	Líon na n-iasachtaí	Luach na n-iasachtaí €000	Líon na n-iasachtaí	Luach na n-iasachtaí €000
iasachtaí tarraingthe	17	1,750	773	180,111
iasachtaí aisíoctha	—	—	4	786
iasachtaí mainneachtana	—	—	—	—
iasachtaí Beo (méid aisíoctha)	17	203	769	21,792
<b>Iarmhéid gan íoc</b>	<b>17</b>	<b>1,547</b>	<b>769</b>	<b>157,533</b>

**2.15 Tionchar athruithe ar bheartas cuntasáíochta in 2024**

Cuireadh naoi gcaighdeán cuntasáíochta nua rialtais láir (CCRL) i bhfeidhm le héifeacht ón 1 Eanáir 2024. Bhí an tionchar seo a leanas ag an gcur i bhfeidhm ar iarmhéid maoinithe an Stáit.

	2024 €000
Carnadh laethanta saoire <sup>a</sup>	(1,732)
Carnadh párolla <sup>a</sup>	(1,834)
	<b>(3,566)</b>

Nóta <sup>a</sup> CCRL 39A Sochair Fostaithe Cuid A

### Nóta 3 Vóta Caiteachas

#### Anailís ar chaiteachas riaracháin

Rinneadh an caiteachas riaracháin atá leagtha amach thíos a chionroinnt ar fud na gclár, chun costálacha iomlána na gclár a chur i láthair.

		Soláthar meastacháin		2024	2023
		€000	€000	Toradh €000	Toradh €000
i	Tuarastail, pána agus liúntais	<i>Bunmhéid</i>	41,542		
		<i>Forlíontach</i>	944		
				42,486	37,667
ii	Taisteal agus cothabháil	<i>Bunmhéid</i>	809		
		<i>Forlíontach</i>	214		
				1,023	1,020
iii	Oiliúint agus forbairt			560	751
iv	Seirbhísí oibríochtúla, soláthairtí agus trealamh éagsúil	<i>Bunmhéid</i>	1,303		
		<i>Forlíontach</i>	63		
				1,366	906
v	Infheistíocht chaipitil dhitigigh agus costais TF			5,295	5,359
vi	Costais áitribh	<i>Bunmhéid</i>	743		
		<i>Forlíontach</i>	(3)		
				740	638
vii	Athbhreithnithe beartais, seirbhísí comhairleoireachta agus taighde			1,280	1,249
viii	Acmhainní fógraíochta agus faisnéise			560	461
				<b>53,310</b>	<b>52,517</b>
					<b>48,237</b>

Tá athrú déanta ar an anailís ar fho-cheannteidil riaracháin neamhphá mar chuid den phróiseas chun na fo-cheannteidil riaracháin a nuachóiriú ar fud na gcuntas vótáilte. Rinneadh athanailís ar fhigiúirí comparáideacha 2023 chun críocha comparáide maidir leis an struchtúr nua.

**Athruithe suntasacha**

Leagtar amach sa nóta seo na cúiseanna leis na héagsúlachtaí suntasacha (+/- 25% agus €100,000) i gcaiteachas riaracháin

**iii Oiliúint agus forbairt**

*Soláthar Meastacháin €560,000; Toradh €751,000*

Ba é ba chúis leis an róchaitheamh €191,000 ná caiteachas breise ar oiliúint agus forbairt foirne, go príomha mar thoradh ar an méadú ar líon foirne na Roinne.

**Clár A Poist agus Forbairt Fiontraíochta**

		2024		2023
		Soláthar meastacháin		Toradh
		€000	€000	€000
A.1	Riarachán – pá			
	<i>Bunmhéid</i>	15,570		
	<i>Forlíontach</i>	349		
			15,919	14,025
A.2	Riarachán – neamhphá			
	<i>Bunmhéid</i>	3,287		
	<i>Forlíontach</i>	104		
			3,391	3,734
A.3	Pinsin leagáide na Gníomhaireachta			
	<i>Bunmhéid</i>	41,117		
	<i>Forlíontach</i>	1,749		
			42,866	40,054
A.4	Idir-Thrádáil Éireann			
	<i>Bunmhéid</i>	11,625		
	<i>Forlíontach</i>	757		
			12,382	11,638
A.5	GFT Éireann			
	<i>Bunmhéid</i>	265,993		
	<i>Géilleadh iarchurtha</i>	15,305		
	<i>Forlíontach</i>	(4,856)		
			276,442	238,990
A.6	NSAI – deontas le haghaidh costais riaracháin agus costais ghinearálta			
	<i>Bunmhéid</i>	11,064		
	<i>Forlíontach</i>	641		
			11,705	10,334

		Soláthar meastacháin		2024	2023
		€000	€000	Toradh €000	Toradh €000
A.7	Fiontraíocht Éireann				
	<i>Bunmhéid</i>	213,173			
	<i>Géilleadh iarchurtha</i>	4,695			
	<i>Forlíontach</i>	<u>(12,349)</u>			
			205,519	174,907	178,725
A.8	Forbairt fiontraíochta áitiúil				
	<i>Bunmhéid</i>	56,797			
	<i>Forlíontach</i>	<u>(750)</u>			
			56,047	54,976	49,050
A.9	Scéim Ráthaíochta Pháirtchreidmheasa Shealadach				
	<i>Bunmhéid</i>	8,000			
	<i>Forlíontach</i>	<u>7,900</u>			
			15,900	15,169	8,662
A.10	Maoiniú meaitseála do PEACEPLUS				
	<i>Bunmhéid</i>	464			
	<i>Forlíontach</i>	<u>(464)</u>			
			—	—	2,675
A.11	Sintiúis d'eagraíochtaí idirnáisiúnta, etc.				
	<i>Bunmhéid</i>	5,900			
	<i>Forlíontach</i>	<u>(1,618)</u>			
			4,282	4,282	3,807
A.12	Coimisiúin, coistí agus fiosrúcháin speisialta		201	—	70
A.13	Costais dlí agus seirbhísí eile		130	13	1,494
A.14	Scéimeanna iasachta Chorparáid Baincéireachta Straitéisí na hÉireann				
	<i>Bunmhéid</i>	1			
	<i>Forlíontach</i>	<u>(1)</u>			
			—	—	11,891
A.15	Scéim um fhaoiseamh daonnúil				
	<i>Bunmhéid</i>	1			
	<i>Forlíontach</i>	<u>7,202</u>			
			7,203	6,137	3,681
A.16	Micreamhaoiniú Éireann				
	<i>Bunmhéid</i>	1			
	<i>Forlíontach</i>	<u>(1)</u>			
			—	—	—

		2024		2023
		Soláthar meastacháin		Toradh
		€000	€000	€000
A.17	An tIonad Náisiúnta Dearaidh			
	<i>Bunmhéid</i>	1		
	<i>Forlíontach</i>	(1)		
			—	—
A.18	Scéim um Chostas Méadaithe Gnó (CMG)			
	<i>Bunmhéid</i>	257,000		
	<i>Forlíontach</i>	(1,000)		
			256,000	249,647
A.19	Cumhachtú			
	<i>Bunmhéid</i>	—		
	<i>Forlíontach</i>	170,000		
			170,000	167,823
			<b>1,077,987</b>	<b>1,028,114</b>
				<b>729,531</b>

#### Athruithe suntasacha

Leagann an méid seo a leanas amach na cúiseanna atá leis na héagsúlachtaí suntasacha i gcaiteachas na gclár neamh-riaracháin (+/- 5% agus €100,000).

#### A.4 Idir-Thrádáil Éireann

*Soláthar Meastacháin €11.625 milliún; toradh €12.586 milliún*

Tharla an róchaitheamh de €961,000 mar gheall ar chaiteachas ar leith maidir le tionscadal fiontair scoite a faomhadh faoi Chiste na nOileán Comhroinnte. Ní raibh soláthar ann chun an tionscadal seo a mhaoiniú sa mheastachán bunaidh. Cuireadh leithdháileadh €757,000 chun tacú leis an tionscadal san áireamh I meastachán forlíontach 2024 na Roinne mar a d'fhorhmeas an Dáil é.

#### A.6 NSAI – deontas le haghaidh costais riaracháin agus costais ghinearálta

*Soláthar Meastacháin €11.064 milliún; toradh €11.87 milliún*

Ba é an chúis ba mhó leis an róchaitheamh €806,000 ná riachtanas níos airde ná mar a bhíodhas ag súil leis a eascraíonn as costais phinsin agus aiscí scoir.

#### A.7 Fiontraíocht Éireann

*Soláthar Meastacháin €217.868 milliún; toradh €174.907 milliún*

Bhí an gannchaitheamh €42.961 milliún mar gheall ar choigilteas i gcaiteachas caipitil agus easnaimh i dtarraingtí siar arna n-iarraidh ag FÉ. Bhí na coigiltis chaipitil mar gheall ar ghníomhaíocht níos moille ná mar a bhíodhas ag súil leis ar roinnt clár, lena n-áirítear deontais lárnacha FÉ, cláir Fiontar Réigiúnach Cliste, infheistíocht chaipitil agus cláir infheistíochta cothromais. Tharla na heasnaimh mar gheall ar réamhaisnéisí buiséadaithe míchruinne.

**A.9 Scéim Ráthaíochta Pháirtchreidmheasa Shealadach**

*Soláthar Meastacháin €8 milliún; toradh €15.169 milliún*

Ba é an chúis ba mhó leis an róchaitheamh €7.169 milliún ná líon na n-éileamh i gcoinne na scéimeanna ráthaíochta creidmheasa éagsúla a bheith níos mó ná mar a tuaradh. Tá an maoiniú a leithdháiltear ar na scéimeanna um ráthaíocht pháirtchreidmheasa sealadacha chun costas a bhaineann le ráthaíocht a sholáthar i leith scéimeanna iasachta faoin Acht um Ráthaíocht Creidmheasa 2012 a chlúdach. Is iad na scéimeanna a oibríonn faoin Acht seo ná an Scéim Ráthaíochta Creidmheasa, an Scéim Ráthaíochta Creidmheasa Covid 19 agus Scéim Ráthaíochta Creidmheasa na hÚcráine.

Baineann an costas a bhaineann le ráthaíochtaí a sholáthar faoin Acht go príomha le héilimh le soláthraithe airgeadais a íoc i leith iasachtaí mainneachtana arna gclúdach ag an ráthaíocht agus costais riaracháin Chorporáid Baincéireachta Straitéisí na hÉireann (CBSÉ) a riarann na Scéimeanna Ráthaíochta thar ceann na Roinne chomh maith le costais eile a bhaineann le comhairle dlí agus seirbhísí dlí. As an €15.169 milliún a caitheadh ar an scéim ráthaíochta creidmheasa pháirtigh shealadach in 2024, bhain €12.78 milliún le soláthraithe airgeadais maidir le hiasachtaí mainneachtana, lena n-áirítear éilimh oidhreacht €4.2 milliún ó bhlianta roimhe sin agus bhain €2.389 milliún le costais riaracháin chuig CBSÉ in 2024.

Is é fírinne an scéil i scéimeanna ráthaíochta gur féidir le líon na n-éileamh ar an ráthaíocht athrú ó bhliain go bliain ag brath ar rátaí mainneachtana iasachta. Mar a tharla, bhí líon na n-éileamh i gcoinne na scéimeanna ráthaíochta in 2024 níos airde ná mar a ceapadh.

**A.10 Maoiniú meaitseála do PEACEPLUS**

*Soláthar meastachán €464,000; toradh €nialas*

Is é PEACEPLUS comharba chlár INTERREG VA. Is é aidhm an dá chlár comhar a spreagadh i réigiúin laistigh den Aontas Eorpach agus ar theorainn an Aontais Eorpaigh agus réitigh nuálacha a roinnt ar dhúshláin forbartha réigiúnaí. Bhí sé beartaithe leis an soláthar €464,000 oibleagáidí deiridh na hÉireann faoin gclár INTERREG VA a chomhlíonadh. Mar a tharla sé, bhí sé indéanta oibleagáidí airgeadais uile na hÉireann don chlár seo a chomhlíonadh in 2023. Beidh gealltanais bhuiséadacha de thart ar €19.4 milliún i gceist leis an gclár PEACEPLUS a thagann i gcomharbacht thar na seacht mbliana atá romhainn agus meastar go dtosóidh caiteachas faoin gclár PEACEPLUS in 2025.

**A.11 Síntiúis le heagraíochtaí idirnáisiúnta**

*Soláthar meastachán €5.9 milliún; toradh €4.282 milliún*

Tharla an gannchaitheamh de €1.618 milliún mar gheall ar sholáthar pinsin a bhíodas ag súil leis a bhaineann le ballraíocht na hÉireann san Eagraíocht Dhomhanda Trádála (EDT) nach raibh ag teastáil in 2024.

Ina theannta sin, leithdháileadh €100,000 chun rannpháirtíocht na hÉireann sa Chomhpháirtíocht Dhomhanda maidir le hIntleacht Shaorga (CDIS) a mhaoiniú, rud nach raibh éigeantach mar gheall ar athrú i maoiniú an CDIS.

**A.12 Coimisiúin, coistí agus fiosrúcháin speisialta**

*Soláthar Meastacháin €201,000; toradh € nialas*

Tacaíonn soláthar san fho-cheannteideal seo go príomha le hoibriú na gCoistí Comhphárteacha Eacnamaíocha (CCEanna). Is cineál struchtúir Rialtais déthaobhaigh iad na CCEanna chun plé a éascú ar fhorbairt trádála idir tíortha rannphárteacha. Níor tionóladh aon CCEanna in 2024 agus dá bharr sin ní raibh aon chaiteachas ann.

**A.13 Costais dlí agus seirbhísí eile**

*Soláthar Meastacháin €130,000; toradh €13,000*

Bainistíocht vóta stuama is ea é leibhéal áirithe cistithe theagmhasaigh a chur ar fáil maidir le hábhair dlíthiúla agus eile a d'fhéadfadh a bheith ann i gcás go dtagann costais gan choinne chun cinn i rith na bliana. De réir mar a tháinig sé chun solais, bhí an caiteachas iarbhair a tabhaíodh i bhfad níos lú ná mar a bhíodhas ag súil leis, rud a d'fhág go raibh gannchaitheamh de €117,000 ann.

**A.15 Scéim um fhaoiseamh daonnúil**

*Soláthar Meastacháin €1,000; toradh €6.137 milliún*

Scéim ad hoc is ea an Scéim um Fhaoiseamh Daonnúil chun cúnamh a chur ar fáil i gcúinsí sainithe do chomhlachtaí beaga agus eagraíochtaí pobail agus deonacha ar fud na tíre a ndearna eachtraí éigeandála dochar dóibh. Cuireann an scéim ranníocaíocht ar fáil i dtreo na gcostas a bhaineann le háitreabh gnó agus comhlachtaí pobail, deonacha agus spóirt a athchóiriú go dtí an bhail ina raibh siad roimh na héigeandála, lena n-áirítear urlárlach, daingneáin agus feistis agus stoc nua a chur in ionad na gceann a bhfuil damáiste déanta dóibh. Is í Cros Dhearg na hÉireann a riarann an scéim thar cheann na Roinne. Léiríonn an leithdháileadh ainmniúil de €1,000 an éiginnteacht a bhaineann le heachtraí éigeandála a thuar. Bhain formhór an toraidh do 2024 le costais a bhain le stoirm Babet agus stoirm Ciarán a tharla i mí Dheireadh Fómhair agus I mí na Samhna 2023.

**A.19 Cumhachtú**

*Meastachán a dhéanamh ar sholáthar €nialas; toradh €167.823 milliún*

Áiríodh sa phacáiste 'costas maireachtála' a fógraíodh mar chuid de Bhuiséad 2025 foráil le haghaidh tuilleadh tacaíochta do ghnólachtaí a raibh tionchar ag costais mhéadaithe orthu tríd an Scéim Deontas Cumhachta nua. Cuireadh maoiniú €170 milliún ar fáil tríd an meastachán forlíontach a d'fhorhmeas an Dáil i mí Dheireadh Fómhair 2024 chun cabhrú le gnólachtaí sna hearnálacha miondíola agus fáilteachais na brúnna costais a bhíonn ag dul i bhfeidhm ar a ngnólachtaí a bhainistiú.

Leanann an Scéim Cumhachta ón Scéim um Chostas Méadaithe Gnó a dhear an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta freisin agus a chuir na húdaráis áitiúla i bhfeidhm. San iomlán, íocadh €771,222 leis an nGníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil as costais riaracháin agus tacaíochta bogearraí ar fud an dá chlár.

**Clár B Nuálaíocht Fiontraíochta agus Tráchtálú**

		2024		2023
		Soláthar meastacháin		Toradh
		€000	€000	€000
B.1	Riarachán – pá	<i>Bunmhéid</i>	9,876	
		<i>Forlíontach</i>	226	
			10,102	9,877
B.2	Riarachán – neamhphá	<i>Bunmhéid</i>	2,878	
		<i>Forlíontach</i>	69	
			2,947	3,117
B.3	Oifig Maoine Intleachtúla na hÉireann	<i>Bunmhéid</i>	3,714	
		<i>Forlíontach</i>	23	
			3,737	3,628
B.4	Clár Forbartha Eolaíochta agus Teicneolaíochta	<i>Bunmhéid</i>	159,132	
		<i>Forlíontach</i>	7,000	
			166,132	161,025
B.5	Síntiúis d'eagraíochtaí idirnáisiúnta, etc.	<i>Bunmhéid</i>	26,686	
		<i>Forlíontach</i>	31	
			26,717	26,716
B.6	Coimisiúin, coistí agus fiosrúcháin speisialta		1	—
B.7	Costais dlí agus seirbhísí eile	<i>Bunmhéid</i>	130	
		<i>Forlíontach</i>	(3)	
			127	—
B.8	Ciste Nuálaíochta um Theicneolaíochtaí Bunathraitheacha	<i>Bunmhéid</i>	42,500	
		<i>Forlíontach</i>	(10,000)	
			32,500	32,500
			<b>242,263</b>	<b>236,863</b>
				<b>224,286</b>

**Athruithe suntasacha**

Leagann an méid seo a leanas amach na cúiseanna atá leis na héagsúlachtaí suntasacha i gcaiteachas na gclár neamh-riaracháin (+/- 5% agus €100,000).

**B.7 Costais dlí agus seirbhísí eile**

*Soláthar Meastacháin €130,000; toradh € nialas*

Is bainistíocht vóta stuama é leibhéal áirithe cistithe theagmhasaigh a chur ar fáil i gcás go dtagann costais gan choinne chun cinn i rith na bliana. Mar a tharla, níor caitheadh aon airgead sa réimse seo in 2024 agus mar thoradh air sin, bhí gannchaitheamh de €130,000 ann.

**B.8 Ciste Nuálaíochta um Theicneolaíochtaí Bunathraitheacha**

*Soláthar Meastacháin €42.5 milliún; toradh €32.5 milliún*

Tá an Ciste Nuálaíochta um Theicneolaíochtaí Bunathraitheacha (CNTB) ar cheann de na ceithre chiste príomhsprice faoin bPlean Forbartha Náisiúnta (PFN).

Ba é an phríomhthoradh ar an ngannchaitheamh €10 milliún ná éilimh ó iarratasóirí rathúla faoin CNTB a bheith curtha isteach níos moille ná mar a bhíodhas ag súil leis. Ina theannta sin, cuireadh aon tionscadal déag ar ceal go foirmiúil agus mar thoradh air sin, bhí tarraingt anuas níos lú ná mar a bhíodhas ag súil leis agus líon níos lú iarratas ná mar a bhíodhas ag súil leis.

Ón 31 Nollaig 2024, bhí €376 milliún bronnta ar 105 tionscadal faoin CNTB.

As an méid sin, íocadh €157.14 milliún san iomlán le Fiontraíocht Éireann, mar riarthóirí an Chiste, i gcoinne éileamh a chuir comhpháirtithe tionscadail isteach.

**Clár C Rialachán**

		Soláthar meastacháin		2024	2023
		€000	€000	Toradh €000	Toradh €000
C.1	Riarachán – pá	<i>Bunmhéid</i> 16,096			
		<i>Forlíontach</i> 369			
			16,465	16,357	14,526
C.2	Riarachán – neamhphá	<i>Bunmhéid</i> 4,385			
		<i>Forlíontach</i> 101			
			4,486	4,310	3,995
C.3	An Clár um Chaidreamh san Áit Oibre	<i>Bunmhéid</i> 23,605			
		<i>Forlíontach</i> (1,771)			
			21,834	21,330	20,695
C.4	Deontais le haghaidh seirbhísí oideachais agus comhairleacha ceardchumainn – airgead tirim teoranta		900	894	900
C.5	An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta – deontas le haghaidh riaracháin agus costais ghinearálta	<i>Bunmhéid</i> 30,710			
		<i>Forlíontach</i> 2,075			
			32,785	32,785	28,909
C.6	Cónascadh ceardchumainn	<i>Bunmhéid</i> 60			
		<i>Forlíontach</i> (60)			
			—	—	—
C.7	An tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach	<i>Bunmhéid</i> 11,101			
		<i>Forlíontach</i> (1,826)			
			9,275	7,088	7,235
C.8	An Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí	<i>Bunmhéid</i> 25,701			
		<i>Forlíontach</i> (1,846)			
			23,855	24,604	20,425
C.9	An Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta	<i>Bunmhéid</i> 499			
		<i>Forlíontach</i> 258			
			757	748	311

		Soláthar meastacháin		2024	2023
		€000	€000	Toradh €000	Toradh €000
C.10	An Oifig um Chlárú Cuideachtaí agus Cláraitheoir na gCara-Chumann – deontas le haghaidh riaracháin agus costais ghinearálta	<i>Bunmhéid</i> 8,550			
		<i>Forlíontach</i> (102)			
			8,448	8,412	7,639
C.11	Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann	<i>Bunmhéid</i> 1,902			
		<i>Forlíontach</i> (344)			
			1,558	1,466	1,318
C.12	Síntiúis d'eagraíochtaí idirnáisiúnta, etc.	<i>Bunmhéid</i> 1,866			
		<i>Forlíontach</i> 90			
			1,956	1,954	1,650
C.13	Coimisiúin, coistí agus fiosrúcháin speisialta	<i>Bunmhéid</i> 317			
		<i>Forlíontach</i> (6)			
			311	260	221
C.14	Costais dlí agus seirbhísí eile	<i>Bunmhéid</i> 1,055			
		<i>Forlíontach</i> (126)			
			929	687	1,192
C.15	An Coimisiún um Pá Íseal	<i>Bunmhéid</i> 516			
		<i>Forlíontach</i> 2			
			518	302	240
C.16	Comhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha	<i>Bunmhéid</i> 6,009			
		<i>Forlíontach</i> 5,300			
			11,309	11,309	2,700
			<b>135,386</b>	<b>132,506</b>	<b>111,956</b>

**Athruithe suntasacha**

Leagann an méid seo a leanas amach na cúiseanna atá leis na héagsúlachtaí suntasacha i gcaiteachas na gclár neamh-riaracháin (+/- 5% agus €100,000).

**C.3. An Clár um Chaidreamh san Áit Oibre**

*Soláthar Meastacháin €23.605 milliún; toradh €21.33 milliún*

Tharla an gannchaitheamh de €2.275 milliún mar gheall ar roinnt tosca lena n-áirítear na nithe seo a leanas

- gannchaitheamh i gcaiteachas pá ag an gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre (CCÁO) mar gheall ar mhoilleanna maidir le roinnt folúntas a líonadh.
- gannchaitheamh i gcaiteachas ag an gCúirt Oibreachais mar gheall ar laghdú ar líon na rannán sa chúirt ó cheithre cinn go trí cinn.
- gannchaitheamh sa Bhinse Achomhairc Fostaíochta mar gheall ar laghdú ar líon na gcásanna oidhreachta atá fós le héisteacht.

**C.5 An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta**

*Soláthar Meastacháin €30.71 milliún; toradh €32.785 milliún*

Áiríodh leis an mbarrachas €2.075 milliún maoiniú breise pá de €1.32 milliún chun na costais atá dlí faoin gcomhaontú nua pá san earnáil phoiblí a chomhlíonadh. Bhí gá le caiteachas breise neamhphá de €750,000 chun costais tionscadail forbartha TFC a chomhlíonadh chomh maith le costais bhreise i ndáil le hoiliúint foirne agus cóiríocht.

**C.7 An tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach**

*Soláthar Meastacháin €11.101 milliún; toradh €7.088 milliún*

Bhí an gannchaitheamh de €4.013 milliún comhdhéanta de choigilteas pá de €1.82 milliún agus coigilteas neamhphá de €2.19 milliún.

D'eascair an coigilteas pá go príomha mar gheall ar dheacrachtaí maidir le baill foirne a earcú, go háirithe baill foirne speisialaithe, i margadh saothair rite chomh maith le roinnt athruithe foirne le linn na bliana. Maidir le neamhphá, baineann an coigilteas leis an bhfíric go raibh costais dlí na bliana beagán níos ísle ná mar a bhíodhas ag súil leis. Is deacair costais dhlíthiúla an ÚFC a thuar mar níl mórán smachta aige, nó níl smacht ar bith aige, ar an am a bhféadfar cásanna a chinneadh, ar thoradh na gcásanna i dtéarmaí orduithe costais, agus ar an deacracht a bhaineann le scála na gcostas a d'fhéadfaí a dhámhachtain a réamh-mheas.

Tharla coigilteas neamhphá freisin mar thoradh ar dhul chun cinn níos moille ná mar a bhíodhas ag súil leis i bhforbairt thionscadal TFC CBC atá tiomnaithe ag na húdaráis.

**C.9 An Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta**

*Soláthar Meastacháin €499,000; toradh €748,000*

Tá an maoiniú a chuirtear ar fáil don Bhord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta (ar a dtugtar an Bord um Réiteach Díobhálacha Pearsanta anois) chun a chur ar chumas an Bhoird a chuid oibleagáidí pinsin a chomhlíonadh. Ba é an chúis ba mhó leis an róchaiteachas €249,000 ná íocaíocht cnapshuime scoir nár réamh-mheasadh.

**C.11 Údarás Maoirseachta Iniúchóireachta agus Cuntasaíochta na hÉireann**

*Soláthar Meastacháin €1.902 milliún; toradh €1.466 milliún*

Tharla an gannchaitheamh de €436,000 den chuid is mó ó choigilteas I gcomhairleoireacht, a bhí mar sholáthar teagmhais den chuid is mó agus caiteachas tearcfhorleathan i ndáil le hathchóiriú sceidealaithe ar áiseanna nár leanadh ar aghaidh in 2024.

**C.14 Costais dlí agus seirbhísí eile**

*Soláthar Meastacháin €1.055 milliún; toradh €687,000*

Bainistíocht vóta stuama is ea é leibhéal áirithe cistithe theagmhasaigh a chur ar fáil maidir le hábhair dlíthiúla agus eile dá leithéid a d'fhéadfadh a bheith ann i gcás go dtagann costais gan choinne chun cinn i rith na bliana. Mar a tharla, bhí an caiteachas sa réimse seo níos lú ná mar a bhíodhas ag súil leis in 2024 agus mar thoradh air sin, bhí gannchaitheamh €368,000 ann.

**C.15 An Coimisiún um Pá Íseal**

*Soláthar Meastacháin €516,000; toradh €302,000*

Tharla an gannchaitheamh de €214,000 go príomha mar thoradh ar choigilteas pá de €187,000 agus neamhphá de €27,000.

Ó thaobh pá de, d'eascair an coigilteas toisc nach raibh costas pá cuid d'fhoireann rúnaíochta an Choimisiúin um Pá Íseal (CPÍ) cionroinnte go hiomlán ar fho-cheannteideal an CPÍ ach go raibh siad san fho-cheannteideal pá riaracháin. Maidir le neamhphá, tharla an gannchaitheamh mar thoradh ar an gcaiteachas a rabhthas ag súil leis ar fhógraíocht a bheith níos lú ná mar a bhíodhas ag súil leis.

**C.16 Comhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha**

*Soláthar Meastacháin €6.01 milliún; toradh €11.309 milliún*

Bunaíodh Coimisiún na Meán i mí an Mhárta 2023. Ceapadh an Comhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha (CSD), a fheidhmíonn faoi choimirce Choimisiún na Meán, i mí Lúnasa na bliana sin. Tá feidhmeanna an CSD uathúil go pointe áirithe agus eascraíonn siad go bunúsach ó Rialachán nua agus gan fasach ón AE. Chuir nádúr úrnua shainordú an CSD dúshláin i láthair maidir le meastachán a dhéanamh ar an maoiniú a bheadh ag teastáil chun a fheidhmeanna maidir le maoirseacht, forfheidmiú agus monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an Achta um Sheirbhísí Digiteacha a chomhlíonadh, go háirithe ós rud é go bhfuil 15 de na 25 ardán is mó san Eoraip bunaithe in Éirinn.

Bhí sé de cheangal ar an CSD lánacmhainneacht oibríochtúil a bhaint amach mar rialtóir faoi earrach na bliana 2024 agus mar a tharla sé, ní raibh an meastachán bunaidh de €6 milliún leordhóthanach chun a chumasú dó a shainordú trom a chomhlíonadh. Fuarthas maoiniú breise de €5.3 milliún don CSD sa mheastachán forlíontach a d'fhorhmeas an Dáil i mí Dheireadh Fómhair. Caitheadh an maoiniú breise seo i réimsí amhail earcú foirne cáilithe, taighde a choimisiúnú, acmhainn a thógáil agus réimsí gaolmhara eile chun a chinntiú go raibh an CSD in ann a oibleagáidí a chomhlíonadh mar a cheanglaítear le reachtaíocht náisiúnta agus reachtaíocht an AE.

Maidir le maoiniú amach anseo, cumasaíonn Acht na Seirbhísí Digiteacha (Tobhach) 2024 do Choimisiún na Meán tobhach a ghearradh chun a chostais oibríochtúla a chomhlíonadh, lena n-áirítear costais oibríocháin an CSD. Dá réir sin, ó Eanáir 2025 ar aghaidh, ní bheidh gá le tuilleadh maoinithe ón státchiste don CSD.

## Nóta 4 Admhálacha

### 4.1 Leithreasuithe-i-gcabhair

		2024		2023
		Soláthar meastacháin	Bainte amach	Bainte amach
		€000	€000	€000
<b>Ceartha fostaíochta agus caidreamh tionsclaíoch</b>				
1	Fáltais ón gCiste Árachais Shóisialaigh	75	269	204
2	Táillí ceada fostaíochta			
	<i>Bunmhéid</i>	27,000		
	<i>Forlíontach</i>	12,000		
		39,000	39,109	27,051
3	Ceadúnais ghníomhaireachtaí fostaíochta	400	548	534
4	Fógraí pionós seasta CCÁO	22	8	2
5	Costais dámhachtana cúirte CCÁO	20	121	40
<b>Árachas agus Dlí na gCuideachtaí</b>				
6	An Oifig um Chlárú Cuideachtaí	16,857	20,129	18,691
7	Úinéireacht thairbhiúil ar chuideachtaí agus ar Chumainn Tionscail agus Choigiltis	200	417	378
<b>Trádáil, iomaíochas agus cearta margaidh</b>				
8	Fáltais faoin Acht Trádmharcanna 1963 agus faoi Acht na bPaitinní 1964	10,100	10,479	10,220
9	Ceadúnais trádála ócáideacha	1	—	—
10	An Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí – creidmheas tomhaltóirí	501	502	546
11	An Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí – costais chúirte	1	—	—
12	An Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí – fógraí íocaíocht sheasta	6	19	12
13	Fógraí cumaisc	550	663	528
<b>Eile</b>				
14	ÚFC dlíthiúil	50	—	490
15	Ilghnéitheach	400	626	1,054
16	Beartas fiontraíochta <sup>a</sup>	6,405	4,166	4,534
17	An Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí <sup>b</sup>	1,565	1,539	1,389
18	Pá BMDP agus aoisliúntas	1,168	1,247	1,245
19	Aoisliúntas HSA	650	572	646

		2024		2023
		Soláthar meastacháin	Bainte amach	Bainte amach
		€000	€000	€000
20	Scéimeanna ráthaíochta iasachta sealadacha	2,453	3,392	3,385
21	Sainghrúpa ar Riachtanais Scileanna sa Todhchaí	557	495	498
22	Fáltais ó ranníocaíochtaí aoisliúntais bhreise maidir le luach saothair na seirbhíse poiblí	5,900	7,502	7,184
<b>lomlán</b>		<b>86,881</b>	<b>91,803</b>	<b>78,631</b>

- Nóta <sup>a</sup> Léirítear sa bheartas fiontraíochta na suimeanna a fuarthas ó ghníomhaireachtaí reatha fiontraíochta agus iarghníomhaireachtaí fiontraíochta i dtaca le ranníocaíochta pinsin foirne agus aisíocaíocht INTERREG-ERDF. Is iad na gníomhaireachtaí Idir-Thrádáil Éireann (comhlacht Thuaidh/Theas a bunaíodh faoi Chomhaontú Aoine an Chéasta), GFT, FÉ, agus an iar-ghníomhaireacht SFADCo.
- <sup>b</sup> Tá fáltais faoin líne seo mar pháirt-chúiteamh ar an gcaiteachas faoi fho-cheannteideal C.8.

### Athruithe suntasacha

Bhí leithreasuithe i gcabhair foriomlána €16.922 milliún níos airde ná mar a soláthraíodh ar dtús. Tá na mínithe ar athraithis (+/- 5% agus €100,000) leagtha amach thíos.

#### 1. Fáltais ón gCiste Árachais Shóisialaigh

*Meastachán €75,000; bainte amach €269,000*

Tá na costais a thabhaíonn comhlachtaí cearta fostaíochta na Roinne agus iad ag próiseáil éileamh ar chearta fostaíochta, lena n-áirítear éilimh faoi na hAchtanna um Íocaíochtaí Iomarcaíochta agus Dócmhainneachta, in-aisíochta ón gCiste Árachais Shóisialaigh (CÁS). Tháinig an t-airgead breise a fuarthas ar ais ón CÁS mar gheall ar mhéadú suntasach ar líon na n-éileamh den sórt sin a próiseáladh in 2024.

#### 2. Táillí ceada fostaíochta

*Meastachán €27 milliún; bainte amach €39 milliún*

Is é ba chúis leis an mbarrachas €12 milliún i bhfáltais, ná méadú suntasach ar líon na gceadanna a eisíodh, rud a léiríonn feidhmíocht láidir an gheilleagair. Bhí méadú 21% bliain ar bhliain ar líon na n-iaratas a fuarthas i gcomparáid le 2023, rud a d'fhág go raibh barrachas sna fáltais ann.

#### 3. Ceadúnais ghníomhaireachtaí fostaíochta

*Meastachán €400,000; bainte amach €548,000*

Ní mór ceadúnais ghníomhaireachtaí fostaíochta a athnuachan gach bliain. Is deacair líon na gceadúnas nua a thuar. Ba é ba chúis leis an mbarrachas ar tháillí ceadúnais ná go raibh líon na gceadúnas a heisíodh in 2024 níos airde ná mar a bhíodhas ag súil leis.

**5. Costais dámhachtana cúirte CCÁO***Meastachán €20,000; bainte amach €121,000*

Tá sé deacair meastacháin chruinne a dhéanamh ar dhámhachtainí cúirte i bhfianaise na ndámhachtainí sin a bheith ina n-ábhair i ndeireadh na dála ag na cúirteanna a chinneadh.

**6. An Oifig um Chlárú Cuideachtaí***Meastachán €16.857 milliún; bainte amach €20.129 milliún*

Tá na táillí a ghineann an Oifig um Chlárú Cuideachtaí ag brath ar ghníomhaíocht agus ar thráthúlacht na dtuairisceán a thugann cuideachtaí ag féachaint dá n-oibleagáidí reachtúla agus, mar sin, is féidir a bheith deacair a thuar go cruinn. Ba é neart an gheilleagair ba chúis leis an mbarrachas €3.27 milliún i dtáillí a baineadh amach in 2024 den chuid is mó.

**7. Úinéireacht thairbhiúil ar chuideachtaí agus ar Chumainn Tionscail agus Choigiltis***Meastachán €200,000; bainte amach €417,000*

Ceanglaíonn an tAcht um Cheartas Coiriúil (Sciúradh Airgid agus Maoiniú Sceimhlitheoireachta) (Leasú) 2021 ar institiúidí airgeadais agus comhlachtaí forordaithe eile, Clár na nÚinéirí Tairbhiúla a imscrúdú mar chuid dá n-oibleagáidí díchill chuí. Bhí an barrachas i dtáillí de €217,000 i bpáirt mar gheall ar bhreisithe cuntais custaiméara níos airde ná mar a bhíothas ag súil leis le haghaidh fiosrúcháin Chlár na nÚinéirí Tairbheacha agus costais a dámhadh ag an gcúirt.

**13. Fógraí cumaisc***Meastachán €550,000; bainte amach €663,000*

Tharla an barrachas €113,000 mar thoradh ar líon na bhfógraí cumasc a cuireadh faoi bhráid an CICT a bheith níos airde ná mar a bhíothas ag súil leis.

**15. Ilghnéitheach***Meastachán €400,000; bainte amach €626,000*

Baineann an barrachas €226,000 i bhfáltais ilghnéitheacha go príomha le hairgead a aisghabhadh ó Chiste na gCuntas Díomhaoin le haghaidh caiteachais i ndáil leis an Tionscnamh um Chothromaíocht le haghaidh Gnó Níos Fearr.

**16. Beartas fiontraíochta***Meastachán €6.405 milliún; bainte amach €4.166 milliún*

Is de bharr moille ar phróiseáil éileamh caiteachais a bhaineann leis an gClár INTERREG VA go príomha an t-easnamh fáltais de €2.239 milliún. Déanann Comhlacht na gClár Speisialta AE (CCSAE) na héilimh maidir le haisíoc caiteachais INTERREG ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa a bhainistiú. Deimhníonn an CCSAE gach éileamh den sórt sin. Is féidir leis an bpróiseas deimhnithe a bheith faoi réir ag moilleanna a fhágann go mbíonn sé deacair fáltais a thuar go cruinn.

**20. Scéimeanna ráthaíochta iasachta sealadacha***Meastachán €2.453 milliún; bainte amach €3.392 milliún*

Cuireann scéimeanna atá ag feidhmiú faoin Acht um Ráthaíocht Creidmheasa 2012, lena n-áirítear an Scéim Ráthaíochta Creidmheasa Covid-19 agus Scéim Ráthaíochta Creidmheasa na hÚcráine, ráthaíocht le tacaíocht ón stát ar fáil d'iasachtaí faoi na scéimeanna.

Éilíonn creat na scéimeanna go n-íoctar préimh ar iasachtaí a chuirtear ar fáil le ráthaíochtaí a fhaigheann tacaíocht ón Stát. Tá na préimheanna a fhaightear bunaithe ar líon na n-iasachtaí, méid an chomhlachta agus fad na n-iasachtaí. B'ionann na préimheanna a fuarthas in 2024 agus €2.228 milliún. Ina theannta sin, b'ionann méid na n-aisghabhálacha ó iasachtaí mainnithe roimhe seo ar íocadh éileamh ar an ráthaíocht ina leith agus €1.164 milliún.

## 22. Fáltais ó ranníocaíochtaí aoisliúntais bhreise maidir le luach saothair na seirbhíse poiblí

*Meastachán €5.9 milliún; bainte amach €7.502 milliún*

Tháinig an barrachas de €1.602 milliún ó thaobh fáltais ranníocaíochtaí aoisliúntais breise chun cinn mar thoradh ar mhéadú ar líon na mball foirne a earcaíodh i gcaitheamh 2024.

### 4.2 Fáltais bhreise is iníochta leis an Státchiste

	2024	2023
	€000	€000
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir	—	—
Oifigí Fiontair Áitiúla – reatha <sup>a</sup>	68	18
Oifigí Fiontair Áitiúla – caipiteal <sup>b</sup>	17	—
Oifigí Fiontair Áitiúla – cúnamh in-aisíochta <sup>c</sup>	3,652	14,032
Fiontraíocht Éireann - barrachas ioncaim acmhainní féin <sup>d</sup>	49,665	20,057
Fiontraíocht Éireann - deontas Atosaigh neamhúsáidte a thabhairt ar ais	—	19
Aisíocaíocht airgid SSTFG <sup>e</sup>	950	—
Ilghnéitheach	182	—
Mol Comhairleach Gnó <sup>f</sup>	342	—
Aistrithe chuig an Státchiste	(54,876)	(34,126)
<b>Iarmhéid amhail an 31 Nollaig</b>	<b>—</b>	<b>—</b>

- Nóta
- <sup>a</sup> Oifigí Fiontair Áitiúla – reatha: baineann sé seo le cistí nár úsáideadh i bhfo-cheannteideal A.8 le haghaidh caiteachais oibríúcháin.
  - <sup>b</sup> Oifigí Fiontair Áitiúla – caipiteal: baineann sé seo le cistí nár úsáideadh i bhfo-cheannteideal A.8 do chláir chaipitil ar leith.
  - <sup>c</sup> Oifigí Fiontair Áitiúla – cúnamh inaisíochta: baineann sé seo le hiarmhéideanna cúnamh inaisíochta ó 31 Oifig Fiontair Áitiúil.
  - <sup>d</sup> Fiontraíocht Éireann - barrachas ioncaim acmhainní féin: baineann sé seo leis an ioncam acmhainní féin a ghnóthaigh Fiontraíocht Éireann a bhí níos mó ná an méid a cheadaigh RCPSA dá n-úsáid féin sa bhliain.
  - <sup>e</sup> An Scéim Shealadach Tacaíochta Fuinnimh do Ghnóthaí – maoiniú ar ais chuig an Roinn ó Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim.
  - <sup>f</sup> An Scéim Shealadach Tacaíochta Fuinnimh do Ghnóthaí.

## Nóta 5 Soláthar Foirne agus Luach Saothair

### 5.1 Líon na bhfostaithe

Coibhéisí lánaimseartha	2024	2023
<b>Líon na foirne ag deireadh na bliana</b>		
<b>An Roinn agus na hOifigí:</b>		
Roinn <sup>a</sup>	636	599
Oifig Maoine Intleachtúla na hÉireann	42	41
An Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre	193	196
An Oifig um Chlárú Cuideachtaí	115	109
An Chúirt Oibreachais	30	30
	<b>1,016</b>	<b>975</b>
Gníomhaireachtaí <sup>b</sup>	2,024	1,962
	<b>3,040</b>	<b>2,937</b>

- Nóta <sup>a</sup> Cuimsítear foireann Rúnaíocht an Choimisiúin um Pá Íseal.
- <sup>b</sup> Áirítear fostaithe de chuid an Bhoird um Réiteach Díobhálacha Pearsanta, gníomhaireacht stáit neamhthráchtála nach bhfaigheann maoiniú go díreach ón Státchiste, seachas ó sholáthar pinsin.

### 5.2 Pá – An Roinn, Oifigí agus Gníomhaireachtaí

	2024	2023
	€000	€000
Pá	224,377	203,006
Liúntais dleachtanna níos airde, speisialta nó breise	1,187	1,265
Liúntais eile	3,143	3,225
Ragobair	688	615
ÁSPC an Fhostóra	18,188	16,092
<b>Pá iomlán</b>	<b>247,583</b>	<b>224,203</b>

Tagraíonn na socruithe luach saothair don ghné phá d'Fho-cheantheidil A.1, A.4, A.5, A.6, A.7, B.1, B.3, B.4, C.1, C.3, C.5, C.7, C.8, C.10 agus C.15.

**5.3 Roinn**

	<b>2024</b>	<b>2023</b>
	<b>€000</b>	<b>€000</b>
Pá <sup>a, b</sup>	59,078	54,606
Liúntais dleachtanna níos airde, speisialta nó breise	809	875
Liúntais eile	1,027	1,194
Ragobair	455	357
ÁSPC an Fhostóra	5,051	4,501
<b>Pá iomlán <sup>c</sup></b>	<b>66,420</b>	<b>61,533</b>

- Nóta <sup>a</sup> San áireamh leis seo, tá íocaíochtaí a rinneadh le 38 iarchomhalta den Chúirt Oibreachais/Choimisiún um Chaidreamh Oibreachais agus den Choimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí (CICT).
- <sup>b</sup> Ní áirítear táillí a íoctar le sealbhóirí oifige nach fostaithe de chuid na Roinne iad e.g. moltóirí.
- <sup>c</sup> San áireamh sa phá iomlán, tá pá riaracháin (A.1, B.1 agus C.1) agus na gnéithe pá d'Oifigí na Roinne (B.3, C.3, C.10 agus C.15). Tagraíonn an méid atá curtha san áireamh do phá i Nóta 1 d'fho-cheanteidil riaracháin amháin.

**5.4 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre – foireann na Roinne**

	Líon na bhfaighteoirí	Faighteoirí €10,000 nó níos mó	An íocaíocht aonair is airde	
			2024	2023
			€	€
Liúntais dleachtanna níos airde, speisialta nó breise	103	15	24,551	48,485
Liúntais eile	39	14	140,662	226,246
Ragobair	127	16	22,249	21,553
Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin	17	11	29,973	28,984

## 5.5 Gníomhaireachtaí

Is iad na gníomhaireachtaí atá san áireamh anseo ná an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach, an Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí, Fiontraíocht Éireann, an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta, Gníomhaireacht Forbartha Tionscail, an tÚdarás um Chaighdeán Náisiúnta Éireann, Idir-Thrádáil Éireann (atá ina gcomhlacht Thuaidh/Theas a bunaíodh faoi Chomhaontú Aoine an Chéasta) agus Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann.

Ní idirbheart airgeadais díreach de chuid na Roinne é caiteachas pá na ngníomhaireachtaí agus dá bhrí sin níl faisnéis phá agus liúntais mhionsonraithe ag an Roinn i leith na ngníomhaireachtaí lena mbaineann. Tá faisnéis mhionsonraithe i dtaca le líon agus pá fhostaithe ghníomhaireachtaí na roinne ar fáil ó na ráitis/tuarascálacha airgeadais ábhartha nó go díreach ó na gníomhaireachtaí atá i gceist.

	<b>2024</b>	<b>2023</b>
	<b>€000</b>	<b>€000</b>
Pá	165,300	148,400
Liúntais dleachtanna níos airde, speisialta nó breise	378	390
Liúntais eile	2,116	2,031
Ragobair	233	258
ÁSPC an Fhostóra	13,136	11,591
<b>Pá iomlán</b>	<b>181,163</b>	<b>162,670</b>

## 5.6 Liúntas agus íocaíochtaí ragoibre – baill foirne na gníomhaireachta

	Líon na bhfaighteoirí	Faighteoirí €10,000 nó níos mó	An íocaíocht aonair is airde	
			2024	2023
			€	€
Liúntais dleachtanna níos airde, speisialta nó breise	81	7	58,450	55,904
Liúntais eile	302	32	96,888	96,918
Ragobair	84	5	36,163	32,805
Luach saothair breise I níos mó ná catagóir amháin	21	5	39,064	33,844

## 5.7 Socruithe luach saothair eile

Athfhostaíodh státseirbhíseach amháin a bhí imithe ar scor ar bhonn táille, ar chostas iomlán de €900. Bhí na híocaíochtaí a rinneadh i gcomhréir le prionsabal an Achta um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012.

Áirítear sa chuntas seo caiteachas €234,262 i leith ceathrar oifigeach a bhí ag feidhmiú lasmuigh den Roinn ar feadh cuid de 2024 nó ar feadh tréimhse iomlán di agus a d'íoc an Roinn a dtuarastail.

## 5.8 Luach saothair agus sochair an Oifigh Chuntasaíochta

Seo a leanas luach saothair agus sochair incháinite an Oifigh Chuntasaíochta don bhliain airgeadais.

	<b>2024</b>	<b>2023</b>
	<b>€000</b>	<b>€000</b>
Bunphá		
Iar-Oifigeach Cuntasaíochta – a chuaigh ar scor 31 Bealtaine 2023	—	117
Oifigeach Cuntasaíochta – arna ceaptha 1 Meitheamh 2023	250	138
	<b>250</b>	<b>255</b>

Níl luach na sochar scoir a tuilleadh sa tréimhse thuas luaite. Is ball den scéim pinsin ranníocach do státseirbhísigh bhunaithe an tOifigeach Cuntasaíochta agus ní shíneann a theidlíochtaí ina leith sin thar théarmaí caighdeánacha na scéime sin.

## 5.9 Foireann na Roinne de réir banda pá

Seo a leanas líon na bhfostaithe ar thit a gcuid sochar fostaí (bunphá, liúntais, ragobair san áireamh; ach ÁSPC fostóra, costais phinsin fostóra curtha as an áireamh) don bhliain airgeadais go dtí idir €20,000 agus €59,999 agus laistigh de gach banda de €10,000 ó €60,000 ar aghaidh suas.

<b>Bandaí pá (€)</b>		<b>Líon na bhfostaithe <sup>a</sup></b>	
<b>Ó</b>	<b>Go dtí</b>	<b>2024</b>	<b>2023</b>
20,000	59,999	744	623
60,000	69,999	148	114
70,000	79,999	81	69
80,000	89,999	87	62
90,000	99,999	47	41
100,000	109,999	41	12
110,000	119,999	21	20
120,000	129,999	15	10
130,000	139,999	2	1
140,000	149,999	—	1
150,000	159,999	—	2
160,000	169,999	4	6
170,000	179,999	5	3
180,000	189,999	1	—
190,000	199,999	1	—
200,000	209,999	—	—
210,000	219,999	—	1
220,000	229,999	—	—
230,000	239,999	—	—
240,000	249,999	—	—
250,000	259,999	1	—

Nóta <sup>a</sup> Áirítear leis foireann Oifigí na Roinne.

**5.10 Ró-íocaíochtaí párolla**

Amhail an 31 Nollaig	Líon na bhfaighteoirí	2024 €	2023 €
Ró-íocaíochtaí	137	221,894	167,171
Pleananna aisghabhála i bhfeidhm	23	49,380	75,751

**5.11 Scaoilíocaíocht /iomarcaíocht**

I rith 2024, fuair triúr ball foirne íocaíochtaí scaoilíocaíochta agus iomarcaíochta mar gheall ar Aire a athrú go Roinn. B'ionann na híocaíochtaí seo agus €66,748.

## Nóta 6 Ilghnéitheach

### 6.1 Maoiniú ón AE

Fuair an Roinn, agus na comhlachtaí seo a leanas faoi choimirce na Roinne cúnamh AE go díreach mar a thaispeántar thíos.

<b>Fo-cheannteidil</b>		<b>2024</b>	<b>2023</b>
		<b>€000</b>	<b>€000</b>
A.4	Idir-Thrádáil Éireann	60	2,233
A.6	ÚCNÉ	270	—
A.7	Fiontraíocht Éireann	884	111 <sup>a</sup>
A.10	Maoiniú meaitseála do INTERREG	—	1,195
B.3	Oifig Maoine Intleachtúla na hÉireann	231	330
B.4	Clár Forbartha Eolaíochta agus Teicneolaíochta - Fiontraíocht Éireann	8,720	12,242 <sup>a</sup>
C.5	An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta	—	11
C.8	CICT	242	—
		<b>10,407</b>	<b>16,122</b>

Nóta <sup>a</sup> Figiúirí athluaite do 2023

## 6.2 Costais chúitimh agus dlí

### Íocaíochtaí/costais a d'íoc an Roinn sa bhliain

	Éilimh ó		Iomlán 2024	Iomlán 2023
	Fostaithe	Baill den phobal		
Líon na gcásanna	—	9	9	6
	€000	€000	€000	€000
Costais dlí na Roinne féin	—	283	283 <sup>a</sup>	1,020
Íocaíochtaí a rinne an Roinn/a rinneadh thar ceann na Roinne				
Cúiteamh	—	13	13	—
Costais dlí	—	298	298 <sup>b</sup>	341
Costais eile	—	—	—	—
<b>Iomlán 2024<sup>b</sup></b>	—	<b>594</b>	<b>594<sup>c</sup></b>	—
Iomlán 2023		1,361	1,361	

- Nóta   <sup>a</sup> Dhá chás san iomlán a bhfuil níos mó ná €50,000 i gceist leo araon  
<sup>b</sup> Sé chás san iomlán lena n-áirítear dhá chás aonair os cionn €50,000  
<sup>c</sup> Níl aon íocaíochtaí san áireamh san iomlán i ndáil le gortuithe pearsanta foirne ná i leith caillteanais/damáiste.

## 6.3 Coimisiúin, coistí agus fiosrúcháin speisialta

	Bliain bhunaithe	2024	2023
		€000	€000
<b>Buan/neamhiata</b>			
Cothromaíocht le haghaidh Gnó Níos Fearr	2021	200	181
		<b>200</b>	<b>223</b>

## 6.4 Calaois agus calaois amhrasta

Thagair Cuntas Leithreasa 2023 do líon beag iasachtaí arna n-eisiúint ag iasachtóirí a bhí ina rannpháirtithe i scéimeanna iasachta RFTF a raibh bainistíocht á déanamh orthu thar ceann na Roinne ag Corparáid Baincúireachta Straitéisí na hÉireann (CBSÉ) agus a raibh imní léirithe ina leith maidir le calaois fhéideartha. Thug cuntas 2023 sonraí faoi na haon iasacht déag a bhí i gceist. Tá na hiasachtaí seo faoi imscrúdú ag an nGarda Síochána anois. Áirítear leis seo na hocht n-iasacht faoin Scéim Ráthaíochta Creidmheasa Covid arb ionann iad agus €1 milliún (SRCC) agus na trí iasacht faoin Scéim Iasachtaí Breatimeachta/Scéim Caipitil Oibre Covid arb ionann iad agus €0.25 milliún (SIB/SCOC). I gcomhairle dlí a fuair an Roinn in 2024, tugadh le fios gur cheart na hocht n-éileamh faoin SRCC a íoc, toisc nár sháraigh an t-iasachtóir aon cheann de théarmaí a gcomhaontaithe ráthaíochta déthaobhaigh idir an Roinn agus an t-iasachtóir. Dá réir sin, íocadh na héilimh seo, arb ionann iad agus €670,263 san iomlán, i mí Dheireadh Fómhair 2024.

Ní raibh aon ról ag an Roinn i riaradh na scéimeanna seo atá á mbainistiú thar a ceann ag CBSÉ. Bíonn CBSÉ i dteagmháil leis na hiasachtóirí rannpháirteacha maidir leis an gcaoi a riarar iasachtaí faoin dá scéim. Maidir leis na haon iasacht chalaoiseach déag a bhfuiltear ag súil leo, dheimhnigh CBSÉ gur tuairiscíodh na cásanna do na húdaráis ábhartha agus go bhfuil imscrúduithe ar siúl sna cásanna.

## 6.5 Tobhach fostaíochta agus oiliúna

Cuireadh deireadh leis an Tobhach Fostaíochta agus Oiliúna, a bhí socraithe ag 1% d'ioncam iomlán duine aonair le roinnt eisceachtaí, le héifeacht ón 6 Aibreán 1999. Leanann an Roinn ar aghaidh ag fáil méideanna a bhaineann le híocaíochtaí stairiúla an tobhaigh. Bailíonn Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim an Tobhach Fostaíochta agus Oiliúna agus íoctar ar aghaidh é chuig an Roinn gach mí. Íoctar an t-airgead leis an Stáitchiste ina dhiaidh sin.

Ráiteas faoi íocaíochtaí a rinneadh de réir Alt 25(1) den Acht um Sheirbhísí Saothair 1987.

	2024	2023
	€000	€000
Faighte ó na Coimisinéirí Ioncaim	6	13
Íoctha isteach sa Stáitchiste	6	13